

**Comhaontú ar
Thángthas air
sna Caibidlí
Ilfháirtí**

Teachtaireacht ón Taoiseach, Parthalán Ó hEachthairn, T.D.

Ar Aoine an Chéasta, 10 Aibreán, 1998, críochnaíodh na caibidlí ilpháirtí i mBéal Feirste faoi chathaoirleacht an tSeanadórsa George Mitchell, an iar-Phríomh-Aire Harri Holkeri agus an Ghinearáil John de Chastelain a raibh Rialtais na hÉireann agus na Breataine rannpháirteach iontu, chomh maith le Páirtí Aontachtach Uladh, Páirtí Sóisialach Daonlathach an Lucht Oibre, Sinn Féin, Páirtí an Chomhaontais, an Páirtí Aontachtach Forásach, Páirtí Daonlathach Uladh, Comhghuaillíocht na mBan i dTuaisceart Éireann agus an Lucht Oibre.

Is éard atá sa mhéid a leanas ná cóip den Chomhaontú ar thángthas air, i mBéal Feirste an 10 Aibreán. Shínigh Rialtais na hÉireann agus na Breataine freisin, ar an dáta sin, Comhaontú na Breataine-na hÉireann, atá curtha mar iarscríbhinn sa doiciméad seo, inar thiomnaigh siad iad féin do fhorálacha an Chomhaontaithe Ilpháirtí a chur i bhfeidhm.

Ar an 22 Bealtaine, 1998, ar ócáid a mbeidh suntas ar leith ag baint léi - den chéad uair ó 1918 - iarrfar ar mhuintir na hÉireann, Thuaidh agus Theas, vótáil i

dteannta a chéile agus ag an tráth céanna ar thoradh na gcaibidlí agus an Chomhaontaithe ar thángthas air.

Is léir cén tábhacht atá leis an doiciméad seo. Tá sé á chur chuig gach líon tí sa Stát. Iarraim ort é a bhreithniú go cúramach. Is mian liom tathant ar gach vótálaí leas a bhaint, an 22 Bealtaine, as an gceart daonlathach vótála atá agat.

Bertie Ahern

CLÁR AN ÁBHAIR

Dearbhú Tacaíochta	1	Athmhuintearas agus Íospartaigh an Fhoréigin	23
Saincheisteanna Bunreachtúla	2	Saincheisteanna Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúir	24
Iarscríbhinn A: Dréachtchlásail/ Dréachtsceidil atá le Corprú i Reachtaíocht na Breataine	3	Díchoimisiúnú	27
Iarscríbhinn B: Dréachtreachtaíocht Rialtas na hÉireann	4	Slándáil	28
Sraith a hAon	7	Póilíníú agus Ceartas	29
Institiúidí Daonlathacha i dTuaisceart Éireann	7	Iarscríbhinn A: Coimisiún um Póilíníú do Thuaisceart Éireann	30
Sraith a Dó	14	Iarscríbhinn B: Athbhreithniú ar an gCóras Ceartais Choiriúil	32
Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas	14	Príosúnaigh	34
Sraith a Trí	18	Bailíocht a Thabhairt, Forfheidhmiú agus Athbhreithniú	35
Comhairle na Breataine-na hÉireann	18	Bailíocht a Thabhairt agus Forfheidhmiú	35
Comhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann	19	Nósanna Imeachta maidir le hAthbhreithniú i ndiaidh Forfheidhmiú	36
Cearta, Coimircí agus Comhionannas Deiseanna	21	IARSCRÍBHINN: Comhaontú idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann	37
Cearta Daonna	21		
Reachtaíocht na Ríochta Aontaithe	21		
Institiúidí Nua i dTuaisceart Éireann	22		
Bearta inchomparáide ag Rialtas na hÉireann	22		
Comhchoiste	23		

DEARBHÚ TACAÍOCHTA

1. Creidimidne, na rannpháirtithe sna caibidlí ilpháirtí, go dtugann an comhaontú atá caibidlithe againn deis fhíorstairiúil chun tús nua a dhéanamh.
2. D'fhág na tragóidí san am a caitheadh iarmhairt dhomhain fulaingthe ar ábhar mór aiféala í. Ní mór dúinn gan dearmad a dhéanamh choíche ar na daoine a fuair bás nó a gortaíodh, ná ar a dteaghlaigh. Ach is é an t-ómós is fearr is féidir linn a thabhairt dóibh ná tosach nua a dhéanamh ina dtiomnaímid muid féin go daingean d'athmhuintearas, do chaoimhulaingt agus do chomhiontaoibh a bhaint amach agus do chearta daonna gach éinne a chosaint agus a shuíomh.
3. Táimid tiomanta don chomhpháirtíocht, don chomhionannas agus don chomhurrainn mar bhonn leis na caidrimh laistigh de Thuaisceart Éireann, idir an Tuaisceart agus an Deisceart, agus idir na hoileáin seo.
4. Athdheimhnímid go bhfuilimid tiomanta go huile agus go hiomlán do mhodhanna daonlathacha, síochánta amháin chun easaontais ar shaincheisteanna polaitiúla a shocrú, agus go bhfuilimid i gcoinne daoine eile d'úsáid foréigin nó do bhagairt foréigin, in aon slí, chun aon chríche polaitiúla, cibé acu maidir leis an gcomhaontú seo nó ar shlí eile.
5. Aithnímid na difríochtaí substaintiúla atá idir ár dtoilmhianta polaitiúla leanúnacha agus comhdhlisteanacha. Déanfaimid ár ndícheall ar gach slí phraiticiúil, áfach, chun athmhuintearas

agus athchaidreamh a bhaint amach laistigh den chreat socruithe daonlathacha agus comhaontaithe. Geallaimid go n-oibreoimid, de mheon macánta, chun a áirithiú go n-éireoidh le gach uile cheann de na socruithe a bhunófar faoin gcomhaontú seo. Glactar leis maidir leis na socruithe instiúideacha agus bunreachtúla go léir—Tionól i dTuaisceart Éireann, Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, Comhlachtaí forfheidhmithe, Comhairle na Breataine - na hÉireann agus Comhdháil Idir-Rialtasach na Breataine - na hÉireann agus aon leasuithe ar Achtanna Parlaiminte na Breataine agus ar Bhunreacht na hÉireann—go bhfuil siad cónasctha agus idirspleách agus go háirithe go bhfuil gaol chomh dlúth sin idir feidhmiú an Tionóil agus feidhmiú na Comhairle Thuaidh/Theas go bhfuil rath ceann acu ag brath ar rath an chinn eile.

6. Dá réir sin, le meon an chomhcharadra, molaimid go láidir an comhaontú seo do na daoine, Thuaidh agus Theas, lena dtoiliú a fháil air.

SAINCHEISTEANNA BUNREACHTÚLA

1. Tacaíonn na rannpháirtithe leis an tiomantas a thug Rialtais na Breataine agus na hÉireann go ndéanfaidh siad, i gComhaontú nua na Breataine - na hÉireann a chuirfear in ionad an Chomhaontaithe Angla-Éireannaigh:
 - (i) aitheantas a thabhairt do dhlisteanacht cibé rogha a fheidhmeoidh tromlach mhuintir Thuaisceart Éireann, dá ndeoin féin, maidir le stádas Thuaisceart Éireann, cibé acu is fearr leo leanúint orthu ag tacú leis an Aontacht leis an mBreatain Mhór nó tacú le hÉirinn aontaithe cheannasach;
 - (ii) a aithint gur faoi mhuintir oileán na hÉireann agus fúthu sin amháin atá sé, trí chomhaontú idir an dá chuid faoi seach agus gan bac ón taobh amuigh, a gceart féinchinnidh a fheidhmiú ar bhonn an toilithe, arna thabhairt dá ndeoin féin agus i gcomhthráth, Thuaidh agus Theas, chun Éire aontaithe a thabhairt i gcrích, más é sin is mian leo, ag glacadh leis go gcaithfear an ceart sin a bhaint amach agus a fheidhmiú trí chomhaontú agus thoiliú, agus faoi réir chomhaontú agus thoiliú, thromlach mhuintir Thuaisceart Éireann;
 - (iii) a admháil, cé gurb ionann mian dhlisteanach cuid shubstaintiúil de na daoine i dTuaisceart Éireann agus mian dhlisteanach thromlach mhuintir oileán na hÉireann go mbeidh Éire aontaithe ann, gurb é is mian le tromlach mhuintir Thuaisceart Éireann faoi láthair, ar mian dhlisteanach arna feidhmiú dá ndeoin féin í, an Aontacht a choimeád ar bun agus, dá réir sin, go léiríonn stádas Thuaisceart Éireann mar chuid den Ríocht Aontaithe an mhian sin, agus go mbraitheann sé uirthi; agus go mbeadh sé mícheart aon athrú a dhéanamh ar stádas Thuaisceart Éireann ach amháin le toiliú thromlach a mhuintire;
 - (iv) a dheimhniú, más rud é, amach anseo, go bhfeidhmeoidh mhuintir oileán na hÉireann a gceart féinchinnidh, ar an mbonn atá leagtha amach in ailt (i) agus (ii) thuas, Éire aontaithe a thabhairt i gcrích, go mbeidh sé ina oibleagáid cheangailteach ar an dá Rialtas reachtaíocht a thabhairt isteach ina bParlaimintí faoi seach, agus tacú léi, chun éifeacht a thabhairt don mhian sin;
 - (v) a dheimhniú, is cuma cén rogha a fheidhmeoidh tromlach mhuintir Thuaisceart Éireann, dá ndeoin féin, go ndéanfar cumhacht an rialtais cheannasaigh ag a bhfuil dlínse ann a fheidhmiú ar bhealach neamhchlaon docht thar ceann na ndaoine go léir in éagsúlacht a bhféiniúlachtaí agus a dtraidisiún agus go mbeidh an chumhacht sin bunaithe ar na prionsabail seo a leanas: lánurraim agus combhionannas do chearta sibhialta, polaitiúla, sóisialta agus cultúir, saoirse ón leithcheal do gach uile shaoránach, cothroime

gradaim agus déileáil go cóir
comhionann le féiniúlacht, aetas
agus toilmhianta an dá phobal;

- (vi) aitheantas a thabhairt do cheart
oidhreacht mhuintir uile
Thuaisceart Éireann iad féin a
aithint mar Éireannaigh nó mar
Bhriotanaigh, nó mar Éireannaigh
agus Briotanaigh araon, de réir
mar a roghnaíonn siad, agus go
nglacfar leo sa cháil sin, agus dá
réir sin a dhaingniú go nglacann
an dá Rialtas lena gceart chun
saoránacht d'Éirinn agus den
Bhreatain a shealbhú agus nach
ndéanfaí difear don cheart sin le
haon athrú amach anseo ar stádas
Thuaisceart Éireann.

2. Tugann na rannpháirtithe dá n-aire
freisin go bhfuil gealltanais tugtha ag an
dá Rialtas, dá réir sin, i gcomhthéacs an
chomhaontaithe chuimsithigh
pholaitiúil seo, athruithe a mholadh,
agus tacú le hathruithe, ar Bhunreacht
na hÉireann agus ar reachtaíocht na
Breataine, a mhéid a bhaineann le
stádas bunreachtúil Thuaisceart
Éireann, faoi seach.

IARSCRÍBHINN A

DRÉACHTCHLÁSAIL/DRÉACHT - SCEIDIL ATÁ LE CORPRÚ I REACHTAÍOCHT NA BREATAINE

1. (1) Dearbhaítear leis seo go bhfanann
Tuaisceart Éireann ina iomláine ina
chuid den Ríocht Aontaithe agus nach
scoirfidh sé de bheith amhlaidh gan
toiliú thiomlach mhuintir Thuaisceart
Éireann ag vótáil dóibh i vótaíocht a
dhéanfar chun críocha an ailt seo de
réir Sceideal 1.

(2) Ach más é an mhian a chuirfidh
tromlach in iúl i vótaíocht den sórt sin
go scoirfeadh Tuaisceart Éireann de
bheith ina chuid den Ríocht Aontaithe
agus go mbeadh sé mar chuid d'Éirinn
aontaithe, leagfaidh an Stát-Rúnaí faoi
bhráid na Parlaiminte cibé tograí chun
éifeacht a thabhairt don mhian sin ar a
gcomhaontóidh Rialtas a Soilse sa
Ríocht Aontaithe agus Rialtas na
hÉireann.

2. Aisghairtear an *Government of Ireland Act*
1920; agus beidh éifeacht leis an Acht
seo d'ainneoin aon achtacháin eile
roimhe seo.

Sceideal 1

Vótaíochtaí chun críche alt 1

1. Féadfaidh an Stát-Rúnaí, le hordú, a
ordú go ndéanfar vótaíocht chun
críocha alt 1 ar dháta a bheidh
sonraithe san ordú.
2. Faoi réir mhír 3, feidhmeoidh an Stát-
Rúnaí an chumhacht faoi mhír 1 más
dealraitheach dó tráth ar bith gur dócha
go gcuirfeadh tromlach de na daoine a
vótálfadh in iúl gur mhian leo go
scoirfeadh Tuaisceart Éireann de bheith
ina chuid den Ríocht Aontaithe agus go
mbeadh sé ina chuid d'Éirinn aontaithe.
3. Ní dhéanfaidh an Stát-Rúnaí ordú faoi
mhír 1 tráth is luaithe ná seacht
mbliana tar éis vótaíocht a bheith
déanta roimhe sin faoin Sceideal seo.
4. (Míreanna eile den chineál céanna le
míreanna 2 agus 3 de Sceideal 1 a
ghabhann le hAcht 1973 faoi láthair.)

IARSCRÍBHINN B

DRÉACHTREACHTAÍOCHT RIALTAS NA hÉIREANN CHUN AN BUNREACHT A LEASÚ

Na hailt seo a leanas a chur le hAirteagal 29:

7.

- 1° Tig leis an Stát a thoiliú a bheith faoi cheangal ag Comhaontú na Breataine-na hÉireann, arna dhéanamh i mBéal Feirste an 10ú lá d'Aibreán, 1998, ar a dtugtar an Comhaontú sa Bhunreacht seo feasta.
- 2° Tig le haon institiúid a bhunófar leis an gComhaontú nó faoin gComhaontú na cumhachtaí agus na feidhmeanna a fheidhmiú a thugtar di dá chionn sin i leith oileán na hÉireann ar fad nó i leith aon chuid de d'ainneoin aon fhorála eile den Bunreacht seo lena dtugtar cumhacht nó feidhm dá samhail d'aon duine nó d'aon organ Stáit arna cheapadh faoin mBunreacht seo nó arna chruthú nó arna bhunú leis an mBunreacht seo nó faoin mBunreacht seo. Féadfaidh aon chumhacht nó aon fheidhm a thabharfar d'institiúid den sórt sin i ndáil le hachrainn nó conspóidí a réiteach nó a shocrú a bheith i dteannta nó in ionad aon chumhachta nó aon fheidhme dá samhail a thugtar leis an mBunreacht seo d'aon duine den sórt sin nó d'aon organ Stáit den sórt sin mar a dúradh.
- 3° Má dhearbhaíonn an Rialtas go bhfuil an Stát tagtha chun bheith faoi oibleagáid, de bhun an Chomhaontaithe, éifeacht a thabhairt don leasú ar an mBunreacht seo dá

dtagraítear sa Chomhaontú sin, ansin, d'ainneoin Airteagal 46 den Bhunreacht seo, déanfar an Bunreacht seo a leasú mar a leanas:

- i. déanfar na hAirteagail seo a leanas a chur in ionad Airteagail 2 agus 3 den téacs Gaeilge:

"Airteagal 2.

Tá gach duine a shaolaítear in oileán na hÉireann, ar a n-áirítear a oileáin agus a fharraigí, i dteideal, agus tá de cheart oidhreacht aige nó aici, a bheith páirteach i náisiún na hÉireann. Tá an teideal sin freisin ag na daoine go léir atá cáilithe ar shlí eile de réir dlí chun bheith ina saoránaigh d'Éirinn. Ina theannta sin, is mór ag náisiún na hÉireann a choibhneas speisialta le daoine de bhunadh na hÉireann atá ina gcónaí ar an gcoigríoch agus arb ionann féiniúlacht agus oidhreacht chultúir dóibh agus do náisiún na hÉireann.

Airteagal 3.

1. Is í toil dhiongbháilte náisiún na hÉireann, go sítheach cairdiúil, na daoine go léir a chomhroinneann críoch oileán na hÉireann i bpáirt lena chéile, in éagsúlacht uile a bhféiniúlachtaí agus a dtraidisiún, a aontú, á aithint gur trí mhodhanna síochánta amháin le toiliú thromlach na ndaoine, á chur in iúl go daonlathach, sa dá dhlíne san oileán, a dhéanfar Éire aontaithe a thabhairt i gcrích. Go dtí sin, bainfidh na dlíthe a achtófar ag an bParlaimint a bhunaítear leis an mBunreacht seo leis an limistéar feidhme céanna, agus beidh an raon feidhme céanna acu, lena bhain na dlíthe, agus a bhí ag na dlíthe, a

d'achtaigh an Pharlaimint a bhí ar marthain díreach roimh theacht i ngníomh don Bhunreacht seo.

2. Féadfaidh údaráis fhreagracha faoi seach na ndlínsí sin institiúidí ag a mbeidh cumhachtaí agus feidhmeanna feidhmiúcháin a chomhroinntear idir na dlínsí sin a bhunú chun críoch sonraithe agus féadfaidh na hinstiúidí sin cumhachtaí agus feidhmeanna a fheidhmiú i leith an oileáin ar fad nó i leith aon chuid de.”,
- ii. déanfar na hAirteagail seo a leanas a chur in ionad Airteagail 2 agus 3 den téacs Sacs-Bhéarla:

“Article 2.

It is the entitlement and birthright of every person born in the island of Ireland, which includes its islands and seas, to be part of the Irish nation. That is also the entitlement of all persons otherwise qualified in accordance with law to be citizens of Ireland. Furthermore, the Irish nation cherishes its special affinity with people of Irish ancestry living abroad who share its cultural identity and heritage.

Article 3.

1. It is the firm will of the Irish nation, in harmony and friendship, to unite all the people who share the territory of the island of Ireland, in all the diversity of their identities and traditions, recognising that a united Ireland shall be brought about only by peaceful means with the consent of a majority of the people, democratically expressed, in both jurisdictions in the island. Until

then, the laws enacted by the Parliament established by this Constitution shall have the like area and extent of application as the laws enacted by the Parliament that existed immediately before the coming into operation of this Constitution.

2. Institutions with executive powers and functions that are shared between those jurisdictions may be established by their respective responsible authorities for stated purposes and may exercise powers and functions in respect of all or any part of the island.”,
- iii. déanfar an t-alt seo a leanas a chur leis an téacs Gaeilge den Airteagal seo:

“8. Tig leis an Stát dlínse a fheidhmiú taobh amuigh dá chríoch de réir bhunrialacha gnáth-admhaithe an dlí idirnáisiúnta.”,

agus

- iv. déanfar an t-alt seo a leanas a chur leis an téacs Sacs-Bhéarla den Airteagal seo:
“8. The State may exercise extra-territorial jurisdiction in accordance with the generally recognised principles of international law.”.

- 4° Má dhéantar dearbhú faoin alt seo, déanfar an fo-alt seo agus fo-alt 3°, seachas an leasú ar an mBunreacht seo a dhéantar leis an bhfo-alt sin 3°, agus fo-alt 5°, den alt seo a fhágáil ar lár as gach téacs oifigiúil den Bhunreacht seo a fhoilseofar dá éis sin, ach d'ainneoin

iad a fhágáil ar lár amhlaidh leanfaidh
an t-alt seo d'fheidhm dlí a bheith aige.

- 5° Mura ndéanfar dearbhú den sórt sin
laistigh de dhá mhí dhéag ón tráth a
chuirfear an t-alt seo leis an
mBunreacht seo nó cibé tréimhse is
faide ná sin a shocrófar le dlí, scoirfidh
an t-alt seo d'éifeacht a bheith leis agus
fágfar ar lár é as gach téacs oifigiúil den
Bhunreacht seo a fhoilseofar dá éis sin.

SRAITH A hAON

INSTITIÚIDÍ DAONLATHACHA I dTUAISCEART ÉIREANN

1. Déanfar socrú leis an gcomhaontú seo le haghaidh Tionól a thoghfad go daonlathach i dTuaisceart Éireann agus atá uilechuimsitheach ina chomhaltas, atá in ann údarás feidhmiúcháin agus reachtach a fheidhmiú, agus atá faoi réir coimircí chun cearta agus leasanna gach taoibh den phobal a chosaint.

An Tionól

2. Toghfad Tionól 108 gcomhalta trí Ionadaíocht Chionúire (Aon-Vóta Inaistrithe) ó thoghcheantair láithreacha Westminster.
3. Déanfaidh an Tionól údarás iomlán reachtach agus feidhmiúcháin a fheidhmiú i leith na nithe sin atá laistigh de fhreagracht na sé Roinn Rialtais i dTuaisceart Éireann faoi láthair, agus d'fhéadfadh an Tionól freagracht a ghlacadh air féin as nithe eile mar a shonraítear in áiteanna eile sa chomhaontú seo.
4. Is é an Tionól — ag oibriú dó ar bhonn crosphobail más cuí — a bheidh ina phríomhfhoinsé údaráis i leith na bhfreagrachtaí cineachta go léir.

Coimircí

5. Beidh coimircí ann chun a áirithiú go bhféadfaidh gach cuid den phobal bheith rannpháirteach agus oibriú le chéile go rathúil in oibriú na n-institiúidí sin agus go gcosnófar gach cuid den phobal, lena n-áirítear:

- (a) Cathaoirligh Choistí, Airí agus comhaltas Coistí a leithroinnt i gcomhréir le láidreacht na bpáirtithe;
- (b) an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD) agus aon Bhille um Chearta do Thuaisceart Éireann á fhorlíonadh, nach bhféadfaidh an Tionól ná comhlachtaí poiblí a shárú, mar aon le Coimisiún um Chearta an Duine;
- (c) socruithe lena ndéanfar foráil chun cinní fíorthábhachtacha agus reachtaíocht a phromhadh chun a áirithiú nach sáraíonn siad an CECD agus aon Bhille um Chearta do Thuaisceart Éireann;
- (d) socruithe chun a áirithiú go nglacfar cinní fíorthábhachtacha ar bhonn crosphobail;
 - (i) toiliú comhthreomhar, i.e. tromlach na gcomhaltaí sin a bheidh i láthair agus a vótálfaidh, lena n-áirítear tromlach d'ainmníochtaí na n-aontachtaithe agus na náisiúnaithe a bheidh i láthair agus a vótálfaidh;
 - (ii) nó tromlach ualaithe (60%) de na comhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh, lena n-áirítear 40% ar a laghad d'ainmníochtaí na n-aontachtaithe agus 40% ar a laghad d'ainmníochtaí na náisiúnaithe a bheidh i láthair agus a vótálfaidh.

Déanfar cinní fíorthábhachtacha a

mbeidh gá le tacaíocht chrosphobail ina leith a ainmniú roimh ré, lena n-áirítear toghadh Chathaoirleach an Tionóil, an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire, buan-orduithe agus leithroinntí buiséid. I gcásanna eile d'fhéadfaí cinntí den sórt sin a spreagadh le hachainí imní arna déanamh ag mionlach suntasach de chomhaltaí an Tionóil (30/108).

- (e) Coimisiún Comhionannais le faireachán a dhéanamh ar oibleagáid reachtúil comhionannas deiseanna i réimsí sonraithe agus cothroime gradaim idir an dá phríomhphobal a chur chun cinn, agus chun gearáin aonair in aghaidh comhlachtaí poiblí a imscrúdú.

Oibriú an Tionóil

6. Ag an gcéad chruinniú a bheidh acu, cláróidh comhaltaí an Tionóil ainmníocht céannachta — náisiúnaí, aontachtaí nó eile — chun tacaíocht chrosphobail a thomhas i vótaí Tionóil faoi na forálacha iomchuí thuas.
7. Toghfar Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Tionóil ar bhonn crosphobail, mar atá leagtha amach i mír 5(d) thuas.
8. Beidh Coiste ann le haghaidh gach ceann de phríomhfheidhmeanna feidhmiúcháin Chóras Riaracháin Thuaisceart Éireann. Déanfar Cathaoirligh agus Leas-Chathaoirligh Choistí an Tionóil a leithroinnt go cionmhar, trí leas a bhaint as Córas d'Hondt. Beidh comhaltas na gCoistí i

gcomhréir le láidreacht na bpáirtithe sa Tionól tríd is tríd chun a áirithiú go mbeidh an deis ar ionaid Choiste ar fáil do na comhaltaí go léir.

9. Beidh ról scrúdaithe, forbartha beartas agus comhchomhairle ag na Coistí maidir leis an Roinn a mbeidh baint ag gach ceann acu léi, agus beidh ról acu maidir le reachtaíocht a thionscnamh. Beidh an chumhacht acu:
 - chun buiséid Ranna agus Pleananna Bliantúla a bhreithniú, agus comhairle a thabhairt maidir leo, i gcomhthéacs leithroinnt fhoriomlán an bhuiséid;
 - chun reachtaíocht thánaisteach iomchuí a cheadú agus céim an Choiste de reachtaíocht phríomha iomchuí a thógáil;
 - chun daoine agus páipéir a iarraidh;
 - chun fiosrúcháin a thionscnamh agus tuarascálacha a dhéanamh;
 - chun nithe a thabharfaidh a Aire faoi bhráid an Choiste a bhreithniú agus comhairle a thabhairt maidir leo.
10. Féadfar Buan-Choistí seachas Coistí Roinne a bhunú de réir mar is gá ó am go ham.
11. Féadfaidh an Tionól Coiste speisialta a cheapadh chun scrúdú a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt i dtaobh an bhfuil beart nó togra le haghaidh reachtaíochta i gcomhréir le ceanglais chomhionannais, lena n-áirítear an CECD/Bille um Chearta. Beidh an

chumhacht ag an gCoiste daoine agus páipéir a iarraidh chun cuidiú leis le linn dó an t-ábhar a bhreithniú. Déanfaidh an Tionól an tuarascáil ón gCoiste a bhreithniú ansin agus féadfaidh sé an t-ábhar a chinneadh de réir an nós imeachta do thoiliú crosphobail.

12. Leanfar an nós imeachta speisialta thuas nuair a iarrann an Coiste Feidhmiúcháin nó an Coiste Roinne iomchuí é, ag vótáil dó ar bhonn crosphobail.
13. Nuair a bheidh achainí imní amhail i 5(d) thuas ann, vótálfad an Tionól chun a chinneadh an féidir dul ar aghaidh leis an mbeart gan aird a thabhairt ar an nós imeachta speisialta sin. Má theipeann air seo tacaíocht a fháil ar bhonn crosphobail, amhail i 5(d)(i) thuas, leanfar an nós imeachta speisialta.

Údarás Feidhmiúcháin

14. Beidh údarás feidhmiúcháin le comhall thar ceann an Tionóil ag Céad-Aire agus ag LeasChéad-Aire agus ag suas le deichniúr Aire a mbeidh freagrachtaí Roinne orthu.
15. Déanfaidh an Tionól ag vótáil dó ar bhonn crosphobail, de réir 5(d)(i) thuas, an Céad-Aire agus an LeasChéad-Aire a thoghadh i gcomhpháirt chun oifige.
16. Tar éis an Céad-Aire agus an LeasChéad-Aire a thoghadh, leithroinnfear poist na nAíre ar na páirtithe ar bhonn chóras d'Hondt faoi threoir líon na suíochán atá ag gach páirtí sa Tionól.
17. Coiste Feidhmiúcháin a bheidh sna hAíre agus is iad an Céad-Aire agus an LeasChéad-Aire a chomórfaidh é, agus a bheidh i gceannas air.
18. Áireofar ar dhualgais an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire, inter alia, déileáil le hobair an Choiste Feidhmiúcháin agus í a chomhordú agus an tslí ina bpléifidh córas riaracháin Thuaisceart Éireann le caidreamh eachtrach.
19. Cuirfidh an Coiste Feidhmiúcháin fóram ar fáil chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a thagann faoi réim fhreagrachtaí bheirt Aire nó níos mó, agus chun iad sin a chomhaontú, chun tosaíochtaí a chinneadh i gcás tograí feidhmiúcháin agus reachtacha agus chun comhsheasamh a mholadh i gcás inar gá é (mar shampla le linn déileáil le caidreamh eachtrach).
20. Féachfaidh an Coiste Feidhmiúcháin le clár a chomhaontú gach bliain, agus déanfaidh sé é a athbhreithniú de réir mar is gá, ar clár é ina mbeidh buiséad comhaontaithe a bheidh nasctha le beartais agus le cláir, faoi réir ceadú a fháil ón Tionól, tar éis scrúdú a dhéanamh air i gCoistí den Tionól, ar bhonn crosphobail.
21. Féadfaidh páirtí diúltú don deis duine a ainmniú chun fónamh mar Aire nó féadfaidh sé a ainmnitheach a athrú ina dhiaidh sin.
22. Beidh Aire i gceannas ar gach ceann de Ranna Thuaisceart Éireann. Déanfaidh na hAíre go léir idirchaidreamh go rialta lena gCoiste faoi seach.
23. Mar choinníoll lena gceapachán,

déanfaidh Airí, lena n-áirítear an Céad-Aire agus an LeasChéad-Aire, téarmaí Gealltanais Oifige (Iarscríbhinn A) a dheimhniú ina ngeallfaidh siad na freagrachtaí go léir a ghabhann lena n-oifig a chomhall go héifeachtach agus de mheon macánta.

24. Beidh lán-údarás feidhmiúcháin ag Airí ina réimsí freagrachta faoi seach, faoi chuimsiú aon mhórchláir a bheidh comhaontaithe ag an gCoiste Feidhmiúcháin agus a mbeidh tacaíocht tugtha ag an Tionól ina iomláine dó.
25. Féadfar duine aonair a chur as oifig tar éis don Tionól cinneadh a dhéanamh ar bhonn crosphobail, más rud é nach mbeidh muinín níos mó ag an Tionól, ag vótáil dó ar bhonn crosphobail, as nó aisti de bhrí gur mhainnigh sé nó sí a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh lena n-áirítear, inter alia, iad sin atá leagtha amach sa Ghealltanais Oifige. Is ceart do dhaoine a shealbhaíonn oifig úsáid a bhaint as modhanna daonlathacha neamh-fhoréigneacha amháin agus aon daoine nach ndéanann sin is ceart iad a eisiáil ó oifig nó a chur as oifig faoi na forálacha seo.

Reachtaíocht

26. Beidh údarás ag an Tionól reachtaíocht phríomha a rith do Thuaisceart Éireann i réimsí cineachta, ach sin faoi réir na nithe seo a leanas:
- (a) an CECD agus aon Bhille um Chearta do Thuaisceart Éireann á fhorlíonadh a d'fhágfadh, dá gcinnfeadh na cúirteanna sárú a bheith déanta ina leith, go mbeadh

an reachtaíocht iomchuí ar neamhní;

- (b) cinntí le tromlach simplí na gcomhaltaí a vótálfadh, ach amháin nuair a bheidh cinneadh ar bhonn crosphobail ag teastáil;
- (c) scrúdú mionsonraithe agus ceadú sa Choiste Roinne iomchuí;
- (d) sásraí, a bheidh bunaithe ar shocrúite atá beartaithe do Pharlaimint na hAlban, chun comhordú oiriúnach a chinntiú idir an Tionól agus Parlaimint Westminster agus chun díospóidí eatarthu a sheachaint;
- (e) rogha an Tionóil féachaint le forálacha do Thuaisceart Éireann a chur san áireamh i reachtaíocht don Ríocht Aontaithe ar fad i bParlaimint Westminster, go háirithe ar shaincheisteanna cineachta a gcoinnítear cothroime i bhfeidhm ina leith de ghnáth (e.g. slándáil shóisialta, dlí cuideachtaí).
27. Beidh údarás ag an Tionól reachtaíocht a rith i réimsí forchoimeáda ach sin le ceadú an Stát-Rúnaí agus faoi réir rialú Parlaiminte.

28. Is iad na Cúirteanna a chinnfidh díospóidí faoi inniúlacht reachtach.
29. D'fhéadfadh duine aonair, Coiste nó Aire reachtaíocht a thionscnamh.

Caidreamh le hInstitiúidí eile

30. Is de réir mhír 18 a bheidh socruithe chun ionadaíocht a dhéanamh thar

- ceann an Tionóil ina iomláine ar leibhéal Cruinnithe Mullaigh agus i ndéileálacha le hinstiúidí eile agus is socruithe iad de chineál a chinnteoidh páirteachas crosphobail.
31. Comhaontófar téarmaí idir ionadaithe cuí an Tionóil agus Rialtas na Ríochta Aontaithe lena chinntiú go mbeidh comhordú éifeachtach ann agus ionchur ó Airí i ndéanamh beartais náisiúnta, lena n-áirítear saincheistanna AE.
32. Ról an Stát-Rúnaí:
- (a) a bheith freagrach fós i gcúrsaí Oifig Thuaisceart Éireann (OTÉ) nach gcineachtar chuig an Tionól, faoi réir comhchomhairle rialta leis an Tionól agus le hAirí;
 - (b) aon reachtaíocht de chuid an Tionóil faoi chúrsaí forchoimeáda a cheadú agus a leagan faoi bhráid Parlaimint Westminster;
 - (c) ionadaíocht a dhéanamh thar ceann leasanna Thuaisceart Éireann i gComh-Aireacht na Ríochta Aontaithe;
 - (d) an ceart a bheith aige nó aici freastal ar an Tionól ar cuireadh uaidh.
33. Déanfaidh Parlaimint Westminster (nach ndéanfaí difear dá cumhacht chun reachtaíocht a rith do Thuaisceart Éireann):
- (a) reachtaíocht a rith maidir le saincheistanna nach mbeidh cineachta, ach amháin i gcásanna ina ritheann an Tionól reachtaíocht le ceadú an Stát-Rúnaí agus faoi réir rialú na Parlaiminte;
 - (b) reachtaíocht a rith de réir mar is gá lena chinntiú go ndéanfar oibleagáidí idirnáisiúnta na Ríochta Aontaithe a chomhlíonadh i leith Thuaisceart Éireann;
 - (c) scrúdú a dhéanamh, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh trí Mhórchoiste Thuaisceart Éireann agus trí Roghchoiste Thuaisceart Éireann, ar fhreagrachtaí an Stát-Rúnaí.
34. Bunófar Fóram Saoránaíochta comhchomhairleach. Is iad a bheidh air ionadaithe ón earnáil ghnó, ón earnáil cheardchumann agus ón earnáil dheonach agus ó cibé earnálacha eile ar a gcomhaontóidh an Céad-Aire agus an LeasChéad-Aire. Gníomhóidh sé mar shásra comhchomhairleach faoi shaincheistanna sóisialta, eacnamaíochta agus cultúir. Déanfaidh an Céad-Aire agus an LeasChéad-Aire, trí chomhaontú, tacaíocht riaracháin a chur ar fáil don Fhóram Saoránaíochta agus treoirlínte a chur ar bun chun ionadaithe chuig an bhFóram Saoránaíochta a roghnú.
- Socruithe Idirthréimhseacha**
35. Tíocfaidh an Tionól le chéile i dtosach báire chun críche eagrúcháin, gan cumhachtaí reachtacha ná feidhmiúcháin, chun a chuid buan-orduithe agus cleachtas oibre a shocrú agus chun ullmhúcháin a dhéanamh i gcomhair fheidhmiú éifeachtach an Tionóil, Chomhairle na Breataine-na

hÉireann agus na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus comhlachtaí gaolmhara forfheidhmithe. San idirthréimhse seo, deimhneoidh na comhaltaí sin den Tionól a bheidh ag fónamh mar scáil-Airí a dtiomantas don neamh-fhoréigean agus do mhodhanna síochánta daonlathacha amháin agus go bhfuil siad i gcoinne daoine eile d'úsáid nó do bhagairt fornirt in aon slí chun aon chríche polaitiúla; go n-oibreoidh siad de mheon macánta chun na socrúithe nua a thabhairt i gcrích; agus go n-urramóidh siad brí an Ghealltanais Oifige a bhaineann le hAirí ceaptha.

Athbhreithniú

36. I ndiaidh tréimhse sonraithe athbhreithneofar na socrúithe seo, lena n-áirítear na sonraí i dtaobh socrúithe toghcháin agus i dtaobh nósanna imeachta an Tionóil, d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le haon choigeartuithe is gá ar mhaithe le héifeachtúlacht agus cothrom na féinne.

Iarscríbhinn A

Gealltanais Oifige

Gealltanais a thabhairt:

- (a) na dualgais oifige uile a chomhall de mheon macánta;
- (b) a bheidh tiomanta don neamh-fhoréigean agus do mhodhanna síochánta daonlathacha amháin;
- (c) fónamh do mhuintir uile Thuaisceart Éireann ar bhealach comhionann, agus gníomhú de réir na n-oibleagáidí ginearálta a bhíonn ar rialtas

comhionannas a chur chun cinn agus leithcheal a chosc;

- (d) a bheidh páirteach le comhghleacaithe maidir le clár rialtais a ullmhú;
- (e) oibriú faoi chuimsiú an chláir sin nuair a bheidh sé comhaontaithe laistigh den Choiste Feidhmiúcháin agus tacaíocht tugtha ag an Tionól dó;
- (f) tacú le cinntí uile an Choiste Feidhmiúcháin agus an Tionóil agus gníomhú dá réir;
- (g) An Cód Iompair d'Airí a chomhlíonadh.

An Cód Iompair

Ní mór d'Airí gach tráth:

- cuibheas agus rialtacht, den chaighdeán is airde, a urramú, lena ngabhann neamhchlaontacht, ionracas agus oibiachtúlacht i ndáil le maoirseacht ar chistí poiblí;
- a bheidh cuntasach do lucht úsáide seirbhísí, don phobal agus, tríd an Tionól, sna gníomhaíochtaí a thagann faoi réim a gcuid freagrachtaí, ina maoirseacht ar chistí poiblí agus sa mhéid a bheidh spriocanna agus cuspóirí fíorthábhachtacha a bhí le comhlíonadh bainte amach;
- a áirithiú go gcomhlíonfar gach iarraidh réasúnach ar fhaisnéis ón Tionól, ó lucht úsáide seirbhísí agus ó shaoránaigh aonair; agus go bpléifidh Ranna agus a gcuid foirne leis an bpobal ar bhealach oscailte freagrach;
- seacht bprionsabal an tsaoil phoiblí atá leagtha amach ag an gCoiste um Chaighdeán sa Saol Poiblí a leanúint;

- an cód seo agus na rialacha a bhaineann le húsáid cistí poiblí a chomhlíonadh;
- oibriú ar bhealach a chabhróidh le deachaidreamh pobail agus le comhionannas déileála a chur chun cinn;
- gan faisnéis a gheobhaidh siad i gcúrsa a gcuid seirbhíse a úsáid ar mhaithe le gnóchan pearsanta; agus gan féachaint leis an deis a ghabhann le seirbhís phoiblí a úsáid lena gcuid leasanna príobháideacha a chur chun cinn;
- a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad aon rialacha maidir le bronntanais agus féile a thairgfí dóibh a ghlacadh;
- aon leasanna pearsanta nó aon leasanna gnó a thiocthadh salach ar a gcuid freagrachtaí a fhógairt. Coinneoidh an Tionól Clár Leasanna. Caithfidh daoine aonair a áirithiú go liostófar ar an gClár Leasanna aon leasanna airgid díreacha nó neamhdhíreacha a bhféadfadh daoine den phobal a mheas go réasúnach ina dtaobh go bhféadfaidís tionchar a imirt ar a mbreithiúnas.

SRAITH A DÓ

COMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH/THEAS

1. Faoi Chomhaontú nua na Breataine-na hÉireann a bhaineann le hiomláine na gcaidreamh, agus reachtaíocht ghaolmhar i Westminster agus san Oireachtas, tá Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas le bunú chun na daoine sin a bhfuil freagrachtaí feidhmiúcháin orthu i dTuaisceart Éireann agus i Rialtas na hÉireann a thabhairt le chéile, chun comhchomhairle, comhoibriú agus gníomhaíocht a fhorbairt laistigh d'oileán na hÉireann-lena n-áirítear sin a dhéanamh trí fhorfheidhmiú ar bhonn uile-oileáin agus trasteorann - maidir le hábhair chomhleasa atá laistigh d'inniúlacht na gCóras Riaracháin, Thuaidh agus Theas.
2. Is trí chomhaontú idir an dá thaobh a dhéanfar gach cinneadh ón gComhairle. Is iad an Céad-Aire, an LeasChéad-Aire agus aon Airí iomchuí a bheidh ina n-ionadaithe do Thuaisceart Éireann, is iad an Taoiseach agus Airí iomchuí a bheidh ina n-ionadaithe do Rialtas na hÉireann, agus iad go léir ag oibriú de réir na rialacha d'údarás daonlathach agus do chuntasacht dhaonlathach a bheidh i bhfeidhm i dTionól Thuaisceart Éireann agus san Oireachtas faoi seach. Beidh páirteachas sa Chomhairle ar cheann de na freagrachtaí riachtanacha a ghabhann le poist iomchuí sa dá Chóras Riaracháin. Más rud é nach ndéanfaidh sealbhóir ar phost iomchuí páirt a ghlacadh sa ghnáthshlí sa Chomhairle, beidh de chumas ag an Taoiseach i gcás Rialtas na hÉireann,

agus ag an gCéad-Aire agus ag an LeasChéad-Aire i gcás Chóras Riaracháin Thuaisceart Éireann, malairt socrúithe a dhéanamh.

3. Is i bhformáidí éagsúla a thiocfaidh an Chomhairle le chéile:
 - (i) i bhformáid iomlánach dhá uair sa bhliain, agus ionadaíocht Thuaisceart Éireann faoi cheannaireacht an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire agus ionadaíocht Rialtas na hÉireann faoi cheannaireacht an Taoisigh;
 - (ii) i bhformáidí earnáileacha sonracha go rialta agus go minic agus an tAire iomchuí ina ionadaí do gach taobh ar leith;
 - (iii) i bhformáid chuí chun ábhair institiúideacha nó crosearnáileacha a bhreithniú (lena n-áirítear ábhair i ndáil le AE) agus chun easaontas a shocrú.
4. Beidh cláir oibre do na cruinnithe go léir le socrú trí chomhaontú roimh ré idir an dá thaobh, ach beidh cead ag ceachtar taobh aon ní a thairiscint le haghaidh breithnithe nó gnímh.
5. An Chomhairle:
 - (i) déanfaidh sí faisnéis a mhalartú, déanfaidh sí plé agus rachaidh sí i gcomhairle d'fhonn comhoibriú ar ábhair chomhleasa atá laistigh d'inniúlacht an dá Chóras Riaracháin, Thuaidh agus Theas;
 - (ii) déanfaidh sí gach dícheall chun teacht ar chomhaontú maidir le comhbheartais a ghlacadh, i réimsí

ina bhfuil comhthairbhe trasteorann agus uile-oileáin i gceist, agus atá laistigh d'inniúlacht an dá Chóras Riaracháin, Thuaidh agus Theas, agus iarrachtaí daingne á ndéanamh chun aon easaontais a shárú;

- (iii) déanfaidh sí cinntí a ghlacadh trí chomhaontú ar bheartais a bheidh le forfheidhmiú ar leithligh i ngach dlínse ar leith, i réimsí suntasacha iomchuí atá laistigh d'inniúlacht an dá Chóras Riaracháin, Thuaidh agus Theas;
 - (iv) déanfaidh sí cinntí a ghlacadh trí chomhaontú ar bheartais agus ar ghníomhaíocht ar leibhéal uile-oileáin agus trasteorann a bheidh le forfheidhmiú ag na comhlachtaí a bhunófar mar atá leagtha amach i míreanna 8 agus 9 thíos.
6. Beidh gach taobh i riocht cinntí a ghlacadh sa Chomhairle laistigh d'údarás sainmhínithe na ndaoine a bheidh ag freastal uirthi, trí na socrúithe a bheidh ann le haghaidh combordú feidhmeanna feidhmiúcháin laistigh de gach dlínse. Leanfaidh gach taobh de bheith cuntasach don Tionól agus don Oireachtas faoi seach, mbeadh a gceadú ag teastáil, trí na socrúithe a bheidh ann ar cheachtar taobh, le haghaidh cinntí atá lasmuigh d'údarás sainmhínithe na ndaoine a bheidh ag freastal uirthi.
7. A luaithe is féidir go praiticiúil i ndiaidh toghchán do Thionól Thuaisceart Éireann, beidh cruinnithe tionscnaimh ann den Tionól, de Chomhairle na

Breataine-na hÉireann agus den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas ina bhfoirmeacha idirthréimhseacha. Tiocfaidh gach ceann de na trí institiúid le chéile go rialta agus go minic ar an mbonn sin i rith na tréimhse idir na toghcháin don Tionól agus an t-aistriú cumhachtaí chuig an Tionól, d'fhonn a modus operandi a chur ar bun.

8. San idirthréimhse idir na toghcháin do Thionól Thuaisceart Éireann agus an t-aistriú cumhachta chuige, rachaidh ionadaithe Chóras Riaracháin idirthréimhseach Thuaisceart Éireann agus ionadaithe Rialtas na hÉireann, ag oibriú dóibh sa Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, i mbun cláir oibre, i gcomhairle le Rialtas na Breataine, ar clár oibre é a chuimseoidh 12 réimse ábhar ar a laghad, d'fhonn sainiú agus comhaontú a dhéanamh faoin 31 Deireadh Fómhair, 1998, ar réimsí ina ndéanfar comhoibriú agus forfheidhmiú ar mhaithe le comhthairbhe. Féadfar ábhair atá sa liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a áireamh sna réimsí sin.
9. Mar chuid den chlár oibre, saineoidh agus comhaontóidh an Chomhairle 6 ábhar ar a laghad le haghaidh comhoibriú agus forfheidhmiú i ngach ceann de na haicmí seo a leanas:
- (i) Ábhair inarb iad na comhlachtaí láithreacha na sásraí cuí le haghaidh comhoibriú i ngach dlínse ar leithligh;
 - (ii) Ábhair ina ndéanfar an comhoibriú trí chomhlachtaí forfheidhmithe comhaontaithe ar leibhéal trasteorann nó uile-oileáin.

10. Déanfaidh an dá Rialtas ullmhúcháin reachtacha agus cumasúcháin eile is gá chun a áirithiú, mar thiomantas daingean, go mbeidh na comhlachtaí sin, a bheidh comhaontaithe mar thoradh ar an gclár oibre, ag feidhmiú tráth tionscanta Chomhaontú na Breataine-na hÉireann agus an aistriithe cumhachtaí, agus déanfar údarás reachtach i leith na gcomhlachtaí sin a aistriú chuig an Tionól a luaithe is féidir ina dhiaidh sin. Tosóidh socrúithe eile freisin le haghaidh an chomhoibrithe chomhaontaithe san am céanna leis an aistriú cumhachtaí chuig an Tionól.
11. Beidh raon soiléir cúraimí oibríochta ag na comhlachtaí forfheidhmithe. Déanfaidh siad beartais a bheidh comhaontaithe sa Chomhairle a fhorfheidhmiú ar bhonn uile-oileáin agus trasteorann.
12. Maidir le haon fhorbairt bhreise ar na socrúithe sin déanfar é trí chomhaontú sa Chomhairle agus le tacaíocht shonrach Thionól Thuaisceart Éireann agus an Oireachtais, faoi réir mhéid na n-inniúlachtaí agus na freagrachta atá ag an dá Chóras Riaracháin.
13. Glactar leis go bhfuil an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus Tionól Thuaisceart Éireann idirspéach ar a chéile, agus nach dtig le ceann acu feidhmiú go rathúil gan an ceann eile.
14. Is san fhormaid a thuairiscítear i mír 3 (iii) thuas nó san fhormaid iomlánach a thabharfar aghaidh ar easaontais laistigh den Chomhairle. Trí chomhaontú idir an dá thaobh, d'fhéadfaí saineolaithe a cheapadh chun ábhar áirithe a bhreithniú agus tuairisc a thabhairt air.
15. Déanfaidh an dá Chóras Riaracháin maoiniú a chur ar fáil ar an mbonn gur feidhm phoiblí riachtanach iad an Chomhairle agus na comhlachtaí forfheidhmithe.
16. Beidh buan-chomhRúnaireacht mar thaca leis an gComhairle, agus comhaltaí de Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus de Státseirbhís na hÉireann mar fhoireann aici.
17. Breithneoidh an Chomhairle gné an Aontais Eorpaigh d'ábhair iomchuí, lena n-áirítear forfheidhmiú beartas AE agus cláir agus tograí atá faoi bhreithniú sa chreat AE. Déanfar socrúithe chun a áirithiú go ndéanfar tuairimí na Comhairle a chur i gcuntas agus a léiriú go cuí ag cruinnithe iomchuí AE.
18. Déanfaidh Tionól Thuaisceart Éireann agus an tOireachtas breithniú i dtaobh comhfhóram parlaiminteach a fhorbairt, ina dtabharfar le chéile uimhreacha combhionanna ón dá institiúid chun ábhair chomhleasa agus chomhinní a phlé.
19. Déanfar breithniú i dtaobh fóram comhchomhairleach neamhspleách a bhunú arna cheapadh ag an dá Chóras Riaracháin, agus beidh an fóram sin ionadaitheach don tsochaí shibhialta, is é sin le rá, na comhpháirtithe sóisialta agus comhaltaí eile ag a bhfuil saineolas maidir le saincheisteanna sóisialta, cultúir, eacnamaíochta agus eile.

Iarscríbhinn

Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna réimsí le haghaidh comhoibriú agus forfheidhmiú Thuaidh-Theas:

1. Talmhaíocht - sláinte ainmhithe agus plandaí.
2. Oideachas - cáilíochtaí agus malartuithe múinteoirí.
3. Iompar - pleanáil straitéiseach iompair.
4. Timpeallacht - cosaint timpeallachta, truailliú, cáilíocht uisce agus bainistíocht dramhaíola.
5. Uiscebhealaí - uiscebhealaí intíre.
6. Slándáil Shóisialta/Leas Sóisialach - teidil oibrithe trasteorann agus rialú calaoise.
7. Turasóireacht - cur chun cinn, margú, taighde agus forbairt táirgí.
8. Clár iomchuí AE amhail SPPR, INTERREG, Leader II agus a gcomharbaí.
9. Iascaigh Intíre.
10. Dobharshaothrú agus ábhair mhuirí.
11. Sláinte: seirbhísí tionóisce agus éigeandála agus saincheisteanna gaolmhara trasteorann eile.
12. Forbairt uirbeach agus tuaithe.

Nithe eile le breithniú ag an scáil-Chomhairle Thuaidh/Theas.

SRAITH A TRÍ

COMHAIRLE NA BREATAINE-NA HÉIREANN

1. Bunófar Comhairle na Breataine-na hÉireann (CBÉ) faoi Chomhaontú nua na Breataine-na hÉireann chun forbairt chomhchuibhiúil chomhthairbhiúil iomláine na gcaidreamh i measc phobail na n-oileán seo a chur chun cinn.
2. Is é a bheidh i gcomhaltas CBÉ ionadaithe ó Rialtais na Breataine agus na hÉireann, ó institiúidí cineachta i dTuaisceart Éireann, in Albain agus sa Bhreatain Bheag, nuair a bhunófar iad, agus, más cuí, in áiteanna eile sa Ríocht Aontaithe, mar aon le hionadaithe ó Oileán Mhanann agus ó Oileáin Mhuir nIocht.
3. Tiocfaidh CBÉ le chéile i bhformáidí éagsúla: ar leibhéal Cruinnithe Mullaigh dhá uair sa bhliain; i bhformáidí earnáileacha sonracha ar bhonn rialta, agus an tAire cuí ina ionadaí do gach taobh ar leith; i bhformáid chuí chun ábhair chrosearnáileacha a bhreithniú.
4. Oibreoidh ionadaithe comhaltaí de réir cibé nósanna imeachta d'údarás daonlathach agus do chuntasacht dhaonlathach atá i bhfeidhm ina n-institiúidí tofa faoi seach.
5. Malartóidh CBÉ faisnéis, déanfaidh sí plé, rachaidh sí i gcomhairle agus déanfaidh sí gach dícheall chun teacht ar chomhaontú maidir le comhoibriú ar ábhair chomhleasa atá laistigh d'inniúlacht na gCóras Riaracháin iomchuí. D'fhéadfaí naisc iompair, saincheisteanna talmhaíochta, saincheisteanna timpeallachta, saincheisteanna cultúir, saincheisteanna sláinte, saincheisteanna oideachais agus an cur chuige i leith saincheisteanna AE a áireamh ar na saincheisteanna atá oiriúnach lena bplé go luath i CBÉ. Déanfar socrúithe oiriúnacha le haghaidh comhoibriú praiticiúil maidir le beartais chomhaontaithe.
6. Beidh cead ag CBÉ comhbheartais nó comhghníomhaíochtaí a chomhaontú. Féadfaidh comhaltaí aonair a roghnú gan a bheith rannpháirteach sna comhbheartais agus sa chomhghníomhaíocht sin.
7. Is ar bhonn comhthola a oibreoidh CBÉ de ghnáth. Maidir le cinní faoi chomhbheartais nó comhghníomhaíochtaí, lena n-áirítear na modhanna chun iad a fhorfheidhmiú, oibreoidh sí le comhaontú na gcomhaltaí uile a bheidh rannpháirteach sna beartais nó sna gníomhaíochtaí sin.
8. Déanfaidh comhaltaí CBÉ, ar bhonn a bheidh le comhaontú eatarthu, cibé tacaíocht airgeadais a bheidh ag teastáil uaithi a chur ar fáil.
9. Déanfaidh Rialtais na Breataine agus na hÉireann rúnaireacht do CBÉ a chur ar fáil i gcomhordú le hoifigigh gach ceann de na comhaltaí eile.
10. I dteannta na struchtúr dá bhforáiltear faoin gcomhaontú seo, beidh cead ag dhá chomhalta nó níos mó socrúithe déthaobhacha nó iltaobhacha a fhorbairt eatarthu féin. Ar na socrúithe sin, d'fhéadfaí, faoi réir chomhaontú na gcomhaltaí lena mbaineann, sásraí a

chur san áireamh chun comhchomhairle, comhoibriú agus comhdhéanamh cinntí maidir le hábhair chomhleasa a chumasú; agus sásraí chun aon chomhchinntí a dtiocfaidh siad orthu a fhorfheidhmiú. Ní bheidh gá le réamhcheadú CBÉ go huile do na socruithe sin agus oibreoidh siad go neamhspleách uirthi.

11. Spreagfar institiúidí tofa na gcomhaltaí le naisc idirpharlaiminteacha a fhorbairt, a bheidh tógtha b'fhéidir ar Chomhlacht Idir-Pharlaiminteach na Breataine agus na hÉireann.
12. Coinneoidh lánchomhaltas CBÉ oibriú na Comhairle faoi athbhreithniú, lena n-áirítear athbhreithniú foirmiúil foilsithe ag tráth cuí tar éis don Chomhaontú teacht in éifeacht agus beidh sé páirteach, de réir mar is cuí, in aon athbhreithniú ar an gcomhaontú polaitiúil foriomlán a eascraíonn ó na caibidlí ilpháirtí.

COMHDHÁIL IDIR-RIALTASACH NA BREATAINE-NA HÉIREANN

1. Beidh Comhaontú nua na Breataine-na hÉireann ann chun déileáil le hiomláine na gcaidreamh. Bunóidh sé buan-Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann a chomhchumseoidh an Chomhairle Idir-Rialtasach Angla-Éireannach agus an Chomhdháil Idir-Rialtasach a bunaíodh faoi Chomhaontú 1985, araon.
2. Tabharfaidh an Chomhdháil Rialtais na Breataine agus na hÉireann le chéile chun comhoibriú déthaobhach a chur chun cinn ar gach leibhéal maidir le gach ábhar comhleasa atá laistigh d'inniúlacht an dá Rialtas.

3. Tiocfaidh an Chomhdháil le chéile de réir mar is gá ar leibhéal Cruinnithe Mullaigh (an Príomh-Aire agus an Taoiseach). Thairis sin, is iad na hAíre cuí a dhéanfaidh ionadaíocht do na Rialtais. Déanfaidh comhairleoirí, lena n-áirítear comhairleoirí póilíneachta agus slándála, freastal mar is cuí.
4. Is trí chomhaontú idir an dá Rialtas a ghlacfar gach cinneadh. Déanfaidh na Rialtais tréaniarrachtaí chun easaontais eatarthu a shocrú. Ní bheidh maolú ar bith ar cheannasacht ceachtar den dá Rialtas.
5. Mar aitheantas ar leas speisialta Rialtas na hÉireann i dTuaisceart Éireann agus ar an méid a bhíonn saincheistanna comhinní ann i ndáil le Tuaisceart Éireann, beidh cruinnithe den Chomhdháil ann go rialta agus go minic i ndáil le hábhair neamhchineachta Thuaisceart Éireann, ar a bhféadfaidh Rialtas na hÉireann tuairimí agus tograí a thabhairt ar aghaidh. Maidir leis na cruinnithe sin, a bheidh faoi chomhchathaoirleacht an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Stát-Rúnaí Thuaisceart Éireann, dhéileálfadís, freisin, le comhoibriú uile-oileáin agus trasteorann ar shaincheistanna neamhchineachta.
6. Áireofar sa chomhoibriú laistigh de chreat na Comhdhála comhoibriú a éascú i gcúrsaí slándála. Díreoidh an Chomhdháil freisin go háirithe ar réimsí na gceart, an cheartais, na bpríosún agus an phóilínithe i dTuaisceart Éireann (mura ndéanfar agus go dtí go ndéanfar freagracht a chineachadh chuig córas riaracháin i dTuaisceart Éireann) agus cuirfidh sí dlús leis an

gcomhoibriú idir an dá Rialtas ar ghnéithe uile-oileáin nó trasteorann na n-ábhar sin.

7. Beidh comhaltaí feidhmiúcháin iomchuí Chóras Riaracháin Thuaisceart Éireann páirteach i gcruinnithe na Comhdhála agus sna hathbhreithnithe dá dtagraítear i mír 9 thíos chun ábhair neamhchineachta Thuaisceart Éireann a phlé.
8. Beidh, mar thaca leis an gComhdháil, oifigigh do Rialtais na Breataine agus na hÉireann, lena n-áirítear buan-chomh Rúnaireacht oifigeach a dhéileálfaidh le hábhair neamhchineachta Thuaisceart Éireann.
9. Déanfaidh an Chomhdháil oibriú Chomhaontú nua na Breataine-na hÉireann, agus an sásra agus na hinstiúidí a bheidh bunaithe faoi, a choinneáil faoi athbhreithniú, lena n-áirítear athbhreithniú foirmiúil foilsithe a dhéanamh trí bliana tar éis don Chomhaontú teacht in éifeacht. Tabharfar cuireadh d'ionadaithe Chóras Riaracháin Thuaisceart Éireann a gcuid tuairimí a chur in iúl don Chomhdháil sa chomhthéacs sin. Beidh an Chomhdháil páirteach, de réir mar is cuí, in aon athbhreithniú ar an gcomhaontú polaitiúil foriomlán a eascraíonn ó na caibidlí ilpháirtí ach ní bheidh aon chumhacht sháraitheach aici i leith na socruithe daonlathacha a bheidh curtha ar bun leis an gComhaontú seo.

CEARTA, COIMIRCI AGUS COMHIONANNAS DEISEANNA

Cearta Daonna

1. Deimhníonn na páirtithe a dtiomantas maidir le comhuraim, cearta sibhialta agus saoirsí creidimh gach duine sa phobal. I gcomhthéacs an chúlra stairiúil den choinbhleacht phobail ar na saolta deireanacha, deimhníonn na páirtithe go háirithe:

- an ceart ar shaorsmaoineamh polaitiúil;
- an ceart ar shaoirse agus léiriú creidimh;
- an ceart toilmhianta náisiúnta agus polaitiúla a shaothrú go daonlathach;
- an ceart athrú bunreachtúil a lorg ar bhealaí síochánta dlísteanacha;
- ceart duine áit chónaithe a roghnú saor ó bhac;
- an ceart ar chomhdheiseanna i ngach gníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch, gan aird ar aicme, creideamh, míchumas, gnéas, ná eitneachas;
- an ceart ar shaoirse ó chiapadh seicteach; agus
- ceart ban ar lánpháirtíocht chomhionann pholaitiúil.

Reachtaíocht na Ríochta Aontaithe

2. Déanfaidh Rialtas na Breataine corprú

an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine (CECD) i ndlí Thuaisceart Éireann a thabhairt i gcrích, maille le rochtain dhíreach ar na cúirteanna agus leigheasanna ar shárú an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear cumhacht a bheith ag na cúirteanna rialú in aghaidh reachtaíocht Tionóil ar fhorais neamhréire.

3. Faoi réir an toraidh a bheidh ar chomhchomhairle phoiblí atá ar bun, tá rún ag Rialtas na Breataine, mar thosaíocht ar leith, oibleagáid reachtúil a chruthú a cheanglóidh ar údaráis phoiblí i dTuaisceart Éireann a bhfeidhmeanna go léir a chomhall agus aird chuí á tabhairt acu ar an ngá atá ann le comhionannas deiseanna a chur chun cinn i ndáil le creideamh agus tuairim pholaitiúil; gnéas; cine; míchumas; aois; stádas pósta; cleithiúnaithe; agus claonadh gnéis. Cheanglófaí ar chomhlachtaí poiblí scéimeanna reachtúla a tharraingt suas a léireodh conas a fhorfheidhmeoidís an oibleagáid sin. Chuirfeadh scéimeanna den sórt sin socrúite maidir le meastóireacht ar bheartas, lena n-áirítear measúnacht tionchair ar aicmí iomchuí, comhchomhairle phoiblí, rochtain phoiblí ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí, faireachán agus tráthchláir.

4. Tabharfar cuireadh do Choimisiún nua Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine (féach mír 5 thíos) dul i gcomhchomhairle agus comhairle a thabhairt maidir leis an scóip atá ann chun cearta, arbh fhorlíonadh iad ar na cearta sa Choinbhinsiúin Eorpach um Chearta an Duine, a shainmhíniú i reachtaíocht Westminster, d'fhonn imthosca ar leith Thuaisceart Éireann a

léiriú, agus leas á bhaint, nuair is cuí, as ionstraimí agus tairbhí idirnáisiúnta. Is cóir go léireodh na cearta breise sin prionsabal na comhurráim d'fhéiniúlacht agus d'aetas an dá phobal agus prionsabal na cothroime gradaim, agus - á dtógáil i dteannta an CECD - is éard a bheidh iontu Bille um Chearta do Thuaisceart Éireann. I measc na saincheisteanna a bheidh le breithniú ag an gCoimisiún beidh:

- foirmlíú a dhéanamh ar oibleagáid ghinearálta ar an rialtas agus ar chomhlachtaí poiblí lánurraim a thabhairt, ar bhonn chomhionannais déileála, d'fhéiniúlacht agus d'aetas an dá phobal i dTuaisceart Éireann; agus
- foirmlíú soiléir a dhéanamh ar an gceart nach ndéanfar leithcheal agus ar an gceart ar chomhionannas deiseanna san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

Institiúidí Nua i dTuaisceart Éireann

5. Le reachtaíocht de chuid Westminster, bunófar Coimisiún nua Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, agus cuirfear méideanna faoi seach na bpobal san áireamh sa chomhaltas ó Thuaisceart Éireann. Beidh an Coimisiún neamhspleách ar an Rialtas, agus leathnófar agus méadófar ar a ról thar an ról a fheidhmíonn an Buan-Choimisiún Comhairleach um Chearta an Duine faoi láthair, i dtreo is go n-áireofar na gnéithe seo a leanas ann, dóthanacht agus éifeachtacht dlíthe agus cleachtas a choimeád faoi bhreithniú agus moltaí a chur faoi

bhráid an Rialtais de réir mar is gá; faisnéis a chur ar fáil agus feachtas faoi chearta an duine a chur chun cinn; dréacht-reachtaíocht a chuireann an Tionól nua faoina mbráid a bhreithniú; agus, i gcásanna cuí, imeachtaí cúirte a thionscnamh nó cúnamh a thabhairt do dhaoine aonair a bheidh á dhéanamh sin.

6. Faoi réir an toraidh a bheidh ar chomhchomhairle phoiblí atá ar bun faoi láthair, tá rún ag Rialtas na Breataine Coimisiún Comhionannais reachtúil nua a chur in ionad an *Fair Employment Commission*, an *Equal Opportunities Commission (N.I.)*, an *Commission for Racial Equality (N.I.)* agus an *Disability Council*. Tabharfaidh Coimisiún aontaithe den sórt sin comhairle maidir leis an oibleagáid reachtúil, tabharfaidh sé bailíocht di chomh maith le faireachán a dhéanamh uirthi agus déanfaidh sé imscrúdú ar ghearáin faoi mhainneachtain.
7. Bheadh cead ag Tionól nua Thuaisceart Éireann breithniú a dhéanamh i dtaobh a chuid freagrachtaí i leith na nithe sin a thabhairt le chéile faoi Roinn Comhionannais lántiomnaithe.
8. Cuirfidh na feabhsuithe sin leis na cosaintí atá i reachtaíocht Westminster cheana féin maidir leis an mbreithiúnacht, leis an gcóras ceartais agus le póilíní.

Bearta Inchomparáide ag Rialtas na hÉireann

9. Gníomhóidh Rialtas na hÉireann chomh maith chun an chosaint a thugtar do chearta an duine ina dhlínse

a neartú tuilleadh. Déanfaidh an Rialtas, agus obair an Choiste Uile-Pháirtí Oireachtais ar an mBunreacht agus an Tuarascáil ón nGrúpa Athbhreithnithe ar an mBunreacht á gcur san áireamh aige, bearta a thabhairt ar aghaidh chun neartú agus tacú leis an gcosaint bhunreachtúil ar chearta an duine. Sna tograí sin, bainfear leas as an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus as ionstraimí dlíthiúla idirnáisiúnta eile i réimse chearta an duine agus sa chomhthéacs seo scrúdófar tuilleadh an cheist maidir le corprú an CECD. Chinnteodh na bearta a thabharfar ar aghaidh go mbeadh leibhéal cosanta ar chearta an duine ann a bheadh coibhéseach ar a laghad leis an leibhéal cosanta a bheidh i réim i dTuaisceart Éireann. Ina theannta sin, maidir le Rialtas na hÉireann de:

- bunóidh sé Coimisiún um Chearta an Duine a mbeidh sainordú agus raon cúraimí air a bheidh coibhéseach leis an gceann laistigh de Thuaisceart Éireann;
- rachaidh sé ar aghaidh a luaithe is féidir le socrúithe chun Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Mionlaigh Náisiúnta a dhaingniú (atá daingnithe cheana féin ag an Ríocht Aontaithe);
- déanfaidh sé reachtaíocht fheabhsaithe um chomhionannas fostaíochta a fhorfheidhmiú;
- tabharfaidh sé reachtaíocht um stádas comhionann isteach; agus

- leanfaidh sé de bhearta gníomhacha eile a ghlacadh chun a urraim do na traidisiúin éagsúla ar oileán na hÉireann a léiriú.

Comhchoiste

10. Samhlaítear go mbeadh comhchoiste ann d'ionadaithe ón dá Choimisiún um Chearta an Duine, Thuaidh agus Theas, mar fhóram chun breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna chearta an duine ar oileán na hÉireann. Breithneoidh an comhchoiste, i measc nithe eile, an fhéidearthacht atá ann cairt a bhunú, a bhféadfadh na páirtithe polaitíochta daonlathacha ar fad í a shíniú, agus a léireodh bearta comhaontaithe chun cearta bunúsacha gach duine a chónaíonn ar oileán na hÉireann a chosaint agus a thacódh leis na bearta sin.

Athmhuintearas agus Íospartaigh an Fhoréigin

11. Creideann na rannpháirtithe nach foláir fulaingt íospartaigh an fhoréigin a admháil agus aghaidh a thabhairt uirthi mar chuid riachtanach den athmhuintearas. Tá siad ag tnúth le torthaí na hoibre atá ar bun ag Coimisiún Íospartaigh Thuaisceart Éireann.
12. Aithnítear go bhfuil an ceart ag íospartaigh cuimhneamh a dhéanamh chomh maith leis an gceart tionchar a imirt ar shocháí athraithe. Dá mbainfí amach socháí shíochánta chóir, ba í sin an cuimhneachán ceart ar íospartaigh an fhoréigin. Aithníonn na rannpháirtithe go háirithe go bhfuil deacrachtaí ar leith sa bhealach ar

dhaoine óga ó cheantair ar luigh na trioblóidí orthu, agus tacóidh siad le forbairt tionscnamh speisialta pobalbhunaithe a mbeidh an scothchleachtas idirnáisiúnta mar bhonn leo. Gné chriticiúil freisin is ea soláthar seirbhísí a thugann tacaíocht, agus atá tuisceanach, do riachtanais na n-íospartach agus ní mór an tacaíocht sin a chur ar fáil trí eagraíochtaí reachtúla agus trí eagraíochtaí deonacha pobalbhunaithe araon chun obair líonraí áitiúla tacaíochta agus féinchúnaimh a éascú. Chuige sin beidh gá le hacmhainní dóthanacha a leithroinnt, lena n-áirítear maoiniú reachtúil de réir mar a bheidh gá leis, chun freastal ar riachtanais na n-íospartach agus chun soláthar a dhéanamh le haghaidh clár tacaíochta pobalbhunaithe.

13. Aithníonn na rannpháirtithe agus is mór acu an obair atá á déanamh ag go leor eagraíochtaí chun athmhuintearas agus comhthuiscint agus comhurrainn a fhorbairt idir pobail agus traidisiúin, agus laistigh díobh, i dTuaisceart Éireann agus idir an Tuaisceart agus an Deisceart, agus is dóigh leo go bhfuil ról ríthábhachtach ag an obair sin i ndaingniú na síochána agus an chomhaontaithe pholaitiúil. Dá réir sin, geallann siad go leanfaidh siad leo ag tabhairt tacaíochta d'eagraíochtaí den sórt sin agus go ndéanfaidh siad scrúdú dearfach ar an gcás maidir le cúnamh airgeadais méadaithe d'obair an athmhuintearais. Gné bhunúsach de phróiseas an athmhuintearais is ea cultúr na caoinfhulaingthe a chur chun cinn ar gach leibhéal den tsochaí, lena n-áirítear tionscnaimh chun oideachas

comhtháite agus tithíocht mheasctha a éascú agus a spreagadh.

Saincheisteanna Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúir

1. Go dtí go ndéanfar cumhachtaí a chineadh chuig Tionól nua Thuaisceart Éireann, déanfaidh Rialtas na Breataine beartais leathana a shaothrú ar mhaithe le fás agus cobhsaíocht leanúnach eacnamaíochta i dTuaisceart Éireann agus chun uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear go háirithe forbairt phobail agus mná a chur ar aghaidh sa saol poiblí.
2. Faoi réir na comhchomhairle poiblí atá ar bun i láthair na huaire, déanfaidh Rialtas na Breataine dul chun cinn tapaidh maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (i) straitéis nua forbartha réigiúnaí do Thuaisceart Éireann, lena breithniú ag an Tionól i dtráth cuí, chun tabhairt faoi fhadhbanna sochaí deighilte agus faoi chomhtháthú sóisialta i gceantair uirbeacha, tuaithe agus teorann, chun an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú, chun teacht ar mhodhanna nua chun déileáil le saincheisteanna iompair, chun bonneagar fisiceach an réigiúin a neartú, chun buntáistí agus acmhainní ceantar tuaithe a fhorbairt agus chun mórionaid uirbeacha a athnuachan;
 - (ii) straitéis nua forbartha eacnamaíochta do Thuaisceart Éireann, lena breithniú ag an

Tionól i dtráth cuí, lena ndéanfaí foráil maidir le pleanáil eacnamaíochta ghearrthearma agus mheántearma agus a bheadh nasctha de réir mar is cuí leis an straitéis forbartha réigiúnaí; agus

- (iii) bearta maidir le comhionannas fostaíochta atá sa Pháipéar Bán a bhí ann le gairid (“Comhpháirtíocht le haghaidh Comhionannais”) agus a chuimsíonn leathnú agus neartú reachtaíochta maidir le frith-leithcheal, athbhreithniú a dhéanamh a luaithe is féidir ar na gnéithe slándála náisiúnta den reachtaíocht reatha um chóirfhostaíocht, tionscnamh nua níos saindirithe chun Aghaidh a Thabhairt ar an Riachtanas Sóisialta, agus raon beart a mbeidh d’aidhm acu an dífhostaíocht a chomhrac agus deireadh a chur go comhleanúnach leis an difríocht i rátaí dífhostaíochta idir an dá phobal trí aghaidh a thabhairt ar an riachtanas oibiachtúil.

3. Aithníonn na rannpháirtithe uile tábhacht na hurraime, na tuisceana agus na caoinfhulaingthe i ndáil le héagsúlacht teanga, ar a n-áirítear i dTuaisceart Éireann, an Ghaeilge, Albainis Uladh agus teangacha na bpobal eitneach éagsúil, ar cuid de shaibhreas cultúrtha oileán na hÉireann iad uile.
4. I gcomhthéacs an bhreithnithe ghníomhaigh atá á dhéanamh faoi láthair maidir leis an Ríocht Aontaithe do shíniú Chairt Chomhairle na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó

Mionlaigh, déanfaidh Rialtas na Breataine go háirithe i ndáil leis an nGaeilge, más cuí agus más mian le daoine amhlaidh:

- gníomh diongbháilte chun an teanga a chur chun cinn;
- úsáid na teanga a éascú agus a spreagadh sa chaint agus i scríbhneoireacht sa saol príobháideach agus sa saol poiblí mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- iarracht chun deireadh a chur, más féidir é, le srianta a chuirfeadh nó a d’oibreodh in aghaidh chothú nó fhorbairt na teanga;
- foráil maidir le hidirchaidreamh le pobal na Gaeilge, agus a gcuid tuairimí a léiriú d’údaráis phoiblí agus gearáin a imscrúdú;
- dualgas reachtúil a chur ar an Roinn Oideachais chun oideachas trí mheán na Gaeilge a spreagadh agus a éascú de réir na socruithe láithreacha don oideachas comhtháite;
- an scóip atá ann chun Teilifís na Gaeilge a chur ar fáil ar bhonn níos forleithne i dTuaisceart Éireann a scrúdú, mar ábhar práinne, in éineacht le húdaráis iomchuí na Breataine agus i gcomhar le húdaráis chraolacháin na hÉireann;
- bealaí níos éifeachtaí a lorg chun spreagadh agus tacú airgeadais a thabhairt do léiriú scannán agus clár teilifíse trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann; agus

- na páirtithe a spreagadh chun teacht ar chomhaontú go leanfaidh Tionól nua den tiomantas sin ar shlí a chuirfidh san áireamh mianta agus íogaireachtaí an phobail.
5. Aithníonn na rannpháirtithe uile an íogaireacht atá ann maidir le húsáid siombailí agus suaitheantas chun críoch poiblí, agus go háirithe gur gá, agus na hinstiúidí nua á gcruthú, a áirithiú go n-úsáidfear siombailí agus suaitheantais den sórt sin ar mhodh a chothóidh comhurrain seachas deighilt. Déanfar socrúithe chun faireachán a dhéanamh ar an tsaincheist seo agus chun cibé gníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith riachtanach a bhreithniú.

DÍCHOIMISIÚNÚ

1. Tugann rannpháirtithe chun cuimhne a gcomhaontú sa Rún Nós Imeachta a glacadh an 24 Meán Fómhair, 1997 "gur cuid den phróiseas caibidlíochta nach féidir déanamh dá huireasa socrú shaincheist an díchoimisiúnaithe", agus tugann siad chun cuimhne freisin forálacha mhír 25 de Shraith 1 thuas.
2. Tugann siad dá n-aire an dul chun cinn atá déanta ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta Neamhspleách um Dhíchoimisiúnú agus ag na Rialtais i bhforbairt scéimeanna a bhfuil an cumas iontu a bheith ina mbonn inoibrithe chun díchoimisiúnú arm a choinnítear go neamhdhleathach i seilbh grúpaí paraimíleata a thabhairt i gcrích.
3. Dá réir sin athdheimhníonn na rannpháirtithe go léir a dtiomantas do dhí-armáil iomlán na n-eagraíochtaí paraimíleata. Daingníonn siad freisin go bhfuil ar intinn acu leanúint de bheith ag obair go táigiúil agus de mheon macánta leis an gCoimisiún Neamhspleách, agus aon tionchar atá acu a úsáid chun díchoimisiúnú na n-arm paraimíleata a thabhairt i gcrích laistigh de dhá bhliain tar éis tacaíocht a bheith tugtha don chomhaontú i reifrinn sa Tuaisceart agus sa Deisceart agus i gcomhthéacs fhorfheidhmiú na socraíochta iomláine.
4. Déanfaidh an Coimisiún Neamhspleách faireachán, athbhreithniú agus fíorú ar dhul chun cinn maidir le díchoimisiúnú arm neamhdhleathach, agus tabharfaidh sé tuairisc don dá Rialtas go tráthrialta.
5. Déanfaidh an dá Rialtas gach beart is gá chun próiseas an díchoimisiúnaithe a éascú lena n-áirítear na scéimeanna iomchuí a thabhairt i bhfeidhm faoi dheireadh Mhí an Mheithimh.

SLÁNDÁIL

1. Tugann na rannpháirtithe dá n-aire gur féidir agus gur chóir gurb ionann forbairt timpeallachta síochánta ar bhonn an chomhaontaithe seo agus gnáthshocruithe agus gnáthchleachtais slándála a thabhairt isteach.
2. Déanfaidh Rialtas na Breataine dul chun cinn i dtreo an chuspóra chun filleadh a luaithe is féidir ar ghnáthshocruithe slándála i dTuaisceart Éireann, ach sin i gcomhréir le leibhéal na bagartha a bheidh ann agus le straitéis fhoriomlán fhoilsithe ina ndéileálfar leis na nithe seo a leanas:
 - (i) líon agus ról na bhFórsaí Armtha atá i dTuaisceart Éireann a laghdú go dtí leibhéal a oireann do ghnáthshochaí shíochánta;
 - (ii) suiteálacha slándála a bhaint as;
 - (iii) deireadh a chur le cumhachtaí éigeandála i dTuaisceart Éireann; agus
 - (iv) bearta eile is cuí agus is oiriúnach do ghnáthshochaí shíochánta.
3. Rachaidh an Stát-Rúnaí i gcomhairle go rialta le Rialtas na hÉireann agus leis na páirtithe polaitíochta, de réir mar is cuí, maidir le dul chun cinn agus maidir leis an gcaoi a bhfuiltear ag feidhmiú i gcoinne aon ghníomhaíochta paraimíleata leanúnaí.
4. Leanfaidh Rialtas na Breataine dá chomhchomhairle maidir le rialáil agus rialú arm tine ar bhonn an doiciméid a foilsíodh an 2 Aibreán, 1998.
5. Cuirfidh Rialtas na hÉireann tús le hathbhreithniú forleithheadach maidir le hAchtanna um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939-85, d'fhonn na gnéithe sin nach bhfuil gá leo a thuilleadh a athchóiriú agus a ligean ar ceal de réir mar a bheidh ceadaithe sna himthosca.

PÓILÍNIÚ AGUS CEARTAS

1. Aithníonn na rannpháirtithe gur saincheist lárnach í an póilíniú in aon sochaí. Aithníonn siad chomh maith céanna go bhfágann stair na scoilteanna doimhne i dTuaisceart Éireann gur ábhar an-mhothúchánach é an póilíniú mar gur fulaingíodh cuid mhór agus go ndearnadh íobairtí móra i gcás a lán daoine aonair agus a dteaghlach, lena n-áirítear iad siúd san RUC agus seirbhísigh phoiblí eile. Creideann siad go gcuireann an comhaontú an deis ar fáil le haghaidh tosú nua ar phóilíniú i dTuaisceart Éireann ina mbeadh seirbhís phóilíneachta ann a bheadh in ann tacaíocht an phobail ina iomláine a fháil agus a choimeád. Creideann siad freisin go gcuireann an comhaontú seo deis uathúil ar fáil chun riaradh nua polaitiúil a thabhairt i gcrích ina n-aithneofar dlítheanacht agus fiúntas iomlán cothrom fhéiniúlachtaí, bhraistintí géillsine agus aetas gach cuid den phobal i dTuaisceart Éireann. Measann siad gur ceart leas a bhaint as an deis seo mar bhunús agus mar thaca d'fhorbairt seirbhíse phóilíneachta a bheidh ionadaitheach i dtéarmaí chomhdhéanamh an phobail ina iomláine agus ar ceart di, i dtimpeallacht shíochánta, a bheith neamharmtha de ghnáth.
2. Creideann na rannpháirtithe go bhfuil sé riachtanach go mbeidh struchtúir agus socrúithe póilínithe de chineál a fhágfaidh go bhfuil an tseirbhís phóilíneachta gairmiúil, éifeachtach agus éifeachtúil, cothrom agus neamhchlaon, saor ó rialú polaitiúil
3. Bunófar Coimisiún neamhspleách chun moltaí a dhéanamh maidir le socrúithe póilínithe amach anseo i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear bealaí chun tacaíocht fhorleathan an phobail a spreagadh do na socrúithe sin laistigh den chreat comhaontaithe prionsabal a

claonpháirteach; go bhfuil sí cuntasach, faoin dlí, i leith a gníomhartha, agus don phobal dá bhfónann sí; go bhfuil sí ionadaitheach don tsochaí a ndéanann sí póilíniú uirthi, agus go n-oibríonn sí laistigh de chóras ceartais choiriúil atá comhtháite agus comhoibritheach agus a oibríonn de réir na norm a bhaineann le cearta an duine. Creideann na rannpháirtithe freisin go gcaithfidh na struchtúir agus na socrúithe sin a bheith in ann dlí agus ord a choimeád ar bun, lena n-áirítear feidhmiú go héifeachtach i gcoinne coireachta agus i gcoinne aon bhagartha ó sceimhlitheoirí agus maidir le fadhbanna oird phoiblí. Ní éireoidh le seirbhís phóilíneachta nach féidir léi déanamh amhlaidh muinín agus faomhadh an phobail a thuilleamh. Creideann siad gur ceart go mbeadh aon struchtúir agus socrúithe den sórt sin in ann seirbhís phóilíneachta a chur ar fáil, i gcomhpháirtíochtaí táigiúla uilechuimsitheacha leis an bpobal ar gach leibhéal, agus go ndéanfar údarás agus freagracht a tharmligean a mhéid is féidir, i gcomhréir leis na prionsabail sin roimhe seo. Is ceart go mbeadh na socrúithe sin bunaithe ar phrionsabail chosaint chearta an duine agus ionracais ghairmiúil agus is ceart go mbeadh glacadh neamh-dhébhrioch leo agus tacaíocht ghníomhach acu sa phobal ar fad.

léirítear sna míreanna ansin thuas agus de réir na dtéarmaí tagartha in Iarscríbhinn A. Beidh ionadaitheacht fhorleathan sa Choimisiún agus beidh saineolaithe agus ionadaithe idirnáisiúnta i measc a chomhaltaí agus iarrfar air comhairle a ghlacadh go forleathan agus tuairisciú a dhéanamh tráth nach déanaí ná Samhradh 1999.

4. Creideann na rannpháirtithe gurb iad aidhmeanna an chórais ceartais choiriúil ná:

- córas cothrom neamhchlaon ceartais a chur ar fáil don phobal;
- a bheith tuisceanach ar ábhair inní an phobail, agus páirteachas an phobail a spreagadh más cuí;
- muinín gach cuid den phobal a bheith aige; agus
- ceartas a chur ar fáil go héifeachtach agus go héifeachtúil.

5. I gcomhthráth leis sin, beidh athbhreithniú leitheadach ann ar cheartas coiriúil (seachas póilíníú agus na gnéithe sin den chóras a bhaineann leis an reachtaíocht éigeandála) a bheidh le déanamh ag Rialtas na Breataine trí shásra ina mbeidh gné neamhspleách, agus déanfar sin i gcomhairle leis na páirtithe polaitíochta agus le daoine eile. Cuirfear tús leis an athbhreithniú a luaithe is féidir, déanfar comhairle a ghlacadh ar bhonn forleathan mar chuid de agus tabharfar tuairisc don Stát-Rúnaí tráth nach déanaí ná Fómhar 1999. Tá téarmaí tagartha i gceangal leis seo in Iarscríbhinn B.

6. Déanfar forfheidhmiú na moltaí a éireoidh as an dá athbhreithniú a phlé leis na páirtithe polaitíochta agus le Rialtas na hÉireann.
7. Tugann na rannpháirtithe dá n-aire freisin go bhfuil Rialtas na Breataine réidh i gcónaí i bprionsabal, le tacaíocht na bpáirtithe polaitíochta i gcoitinne, agus tar éis comhairle a ghlacadh, de réir mar is cuí, le Rialtas na hÉireann, i gcomhthéacs fhorfheidhmiú leanúnach na moltaí iomchuí, chun freagracht a chineadh maidir le saincheisteanna a bhaineann le póilíníú agus ceartas.

IARSCRÍBHINN A

COIMISIÚN UM PÓILÍNÍÚ DO THUAISCEART ÉIREANN

Téarmaí Tagartha

Agus na prionsabail maidir le póilíníú mar atá leagtha amach sa chomhaontú á gcur i gcuntas aige, déanfaidh an Coimisiún fiosrú i dtaobh póilíníú i dTuaisceart Éireann agus, ar bhonn thorthaí an fhiosraithe, tabharfaidh sé tograí ar aghaidh le haghaidh struchtúr agus socruithe póilínithe amach anseo, lena n-áirítear bealaí chun tacaíocht fhorleathan phobail do na socruithe sin a spreagadh.

Is ceart go mbeadh a chuid tograí maidir le póilíníú ceaptha chun a chinntiú go ndéanfar socruithe póilínithe, lena n-áirítear comhdhéanamh, earcú, oiliúint, cultúr, aetas agus siombailí, de chineál a fhágfaidh go bhfuil ag Tuaisceart Éireann, i gcur chuige nua, seirbhís phóilíneachta a mbeidh tacaíocht fhorleathan aici ón bpobal ina iomláine

agus a mbreathnófar uirthi mar chuid dhílis den phobal ina iomláine.

Is ceart go mbeadh san áireamh sna tograí uaidh moltaí i dtaobh aon saincheisteanna mar atraenáil, postlonnú agus forbairt oideachasúil agus ghairmiúil a bheidh ag teastáil le linn bheith ag dul i dtreo póilíníú i sochaí shíochánta.

Is ceart go mbeadh a chuid tograí ceaptha chun a chinntiú freisin:

- go mbeidh an tseirbhís phóilíneachta comhdhéanta, agus go ndéanfar bainistiú agus acmhainniú uirthi, sa chaoi go bhféadfaidh sí raon iomlán a cuid feidhmeanna a chomhall go héifeachtach (lena n-áirítear tograí le haghaidh aon socrúithe is gá chun dul i dtreo póilíníú i ngnáthshochaí shíochánta);
- go gcuirfear an tseirbhís phóilíneachta ar fáil i gcomhpháirtíochtaí táigiúla uilechuimsitheacha leis an bpobal ar gach leibhéal agus go ndéanfar údarás agus freagracht a tharmligean a mhéid is féidir;
- go gceanglóidh an creat reachtach agus bunreachtúil go ndéanfar feidhmeanna póilínithe a chomhall go neamhchlaon agus go mbeidh sé de réir na norm a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta i ndáil le caighdeáin an phóilínithe;
- go n-oibreoidh na póilíní laistigh de chreat soiléir cuntasachta don dlí agus don phobal dá bhfónann siad, ionas:
 - go mbeidh siad faoi shrian ag an dlí, cuntasach don dlí agus nach ngníomhóidh siad ach amháin laistigh den dlí;
 - go mbeidh a gcumhachtaí agus a nósanna imeachta, fearacht an dlí a chuireann siad i bhfeidhm, leagtha síos go soiléir agus ar fáil go poiblí;
 - go mbeidh modhanna oscailte, sorochtana agus neamhspleácha ann chun gearáin in aghaidh na bpóilíní a imscrúdú agus a bhreithniú;
 - go mbeidh socrúithe ann a bheidh leagtha síos go soiléir chun a chumasú do dhaoine áitiúla agus dá n-ionadaithe polaitiúla a dtuairimí agus a n-ábhair inmí faoi phóilíníú a chur in iúl agus soiléiriú poiblí a fháil ar thosaíochtaí póilínithe agus tionchar a imirt ar bheartais phóilínithe, ach sin faoi réir coimirce chun neamhchlaontacht na bpóilíní agus saoirse ó rialú polaitiúil claonphárteach a chinntiú;
 - go mbeidh socrúithe ann do chuntasacht agus d'úsáid éifeachtach éifeachtúil tíosach acmhainní i dtaca le cuspóirí póilínithe a bhaint amach;
 - go mbeidh modhanna ann chun grinnscrúdú agus iniúchadh gairmiúil neamhspleách ar an tseirbhís phóilíneachta a chinntiú

chun a áirithiú go gcloífead le caighdeán ghairmiúla chuí;

- go dtabharfar aghaidh ar an scóip do chomhoibriú struchtúrtha leis an nGarda Síochána agus le fórsaí póilíneachta eile; agus
- go dtabharfar aghaidh freisin ar bhainistiú imeachtaí oird phoiblí ar féidir leo éilimh eisceachtúla a dhéanamh ar acmhainní póilínithe.

Is ceart don Choimisiún díriú ar shaincheisteanna póilínithe, ach má shainíonn sé gnéithe eile den chóras ceartais choiriúil is iomchuí dá chuid oibre maidir le póilíní, lena n-áirítear ról na bpóilíní i dtaca le hionchúiseamh, ansin is ceart dó aird an Rialtais a tharraingt ar na nithe sin.

Is ceart don Choimisiún comhairle a ghlacadh go forleathan, lena n-áirítear comhairle a ghlacadh le heagraíochtaí saineolacha neamhrialtasacha, agus trí cibé grúpaí fócais is cuí leo a bhunú.

Tá beartaithe ag an Rialtas an Coimisiún a bhunú a luaithe is féidir, agus é mar aidhm aige dul i mbun oibre a luaithe is féidir agus a thuarascáil deiridh a fhoilsiú faoi Shamhradh 1999.

IARSCRÍBHINN B

ATHBHREITHNIÚ AR AN gCÓRAS CEARTAIS CHOIRIÚIL

Téarmaí Tagartha

Ag féachaint d'aidhmeanna an chórais ceartais choiriúil mar a leagtar amach sa

Chomhaontú iad, tabharfaidh an t-athbhreithniú aghaidh ar struchtúr, bainistiú agus acmhainniú gnéithe den chóras ceartais choiriúil atá maoinithe go poiblí agus tabharfaidh sé tograí ar aghaidh le haghaidh socruithe ceartais choiriúil san am atá romhainn (seachas póilíní agus na gnéithe sin den chóras a bhaineann le reachtaíocht éigeandála, atá á mbreithniú ar leithligh ag an Rialtas) agus saincheisteanna ar nós na nithe seo a leanas san áireamh:

- na socruithe maidir le ceapacháin a dhéanamh chun na breithiúnachta agus chun na giúistiseachta, agus coimircí chun a neamhspleáchas a chosaint;
- na socruithe chun an próiseas ionchúisimh a eagrú agus a mhaoirsiú, agus chun a neamhspleáchas a choimirciú;
- bearta chun tuisceanacht agus cuntasacht an chórais ceartais choiriúil, mar aon le haon rannpháirteachas ag tuataí sa chóras ceartais choiriúil, a fheabhsú;
- sásraí chun aghaidh a thabhairt ar athchóiriú an dlí;
- an scóip atá ann le haghaidh comhoibriú struchtúrtha idir na gníomhaireachtaí ceartais choiriúil ar an dá chuid den oileán; agus
- struchtúr agus eagrú na bhfeidhmeanna ceartais choiriúil a d'fhéadfaí a chineadh chuig Tionól, lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann Roinn Dlí agus Cirt a bhunú, ach ag an am

céanna neamhspleáchas bunúsach
go leor de na feidhmeanna
fíorthábhachtacha sa réimse sin a
choimirciú.

Tá sé i gceist ag an Rialtas tús a chur
leis an athbhreithniú a luaithe is féidir
agus dul i gcomhairle leis na páirtithe
polaitíochta agus le daoine eile, lena
n-áirítear eagraíochtaí saineolacha
neamhrialtasacha. Críochnófar an
t-athbhreithniú faoi Fhómhar 1999.

PRÍOSÚNAIGH

1. Bunóidh an dá Rialtas sásraí chun socrú a dhéanamh maidir le clár luathaithe chun príosúnaigh a scaoileadh saor, lena n-áirítear príosúnaigh aistrithe, ar príosúnaigh iad a ciontaíodh i gcionta sceidealta i dTuaisceart Éireann nó, i gcás na bpríosúnach ar cuireadh pianbhreith orthu lasmuigh de Thuaisceart Éireann, i gcionta dá samhail (dá ngairtear príosúnaigh cháilitheacha anseo ina dhiaidh seo). Cosnófar cearta príosúnach aonair faoin dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta in aon socrúithe den sórt sin.
2. Ní bhainfidh príosúnaigh atá cleamhnaithe le heagraíochtaí nach bhfuil sos lámhaigh iomlán neamhdhéchiallach bunaithe nó á choinneáil ar bun acu tairbhe as na socrúithe. Coinneofar an cor maidir leis sin faoi bhreithniú.
3. Cuirfidh an dá Rialtas próiseas athbhreithnithe i gcrích laistigh de chreat ama socraithe agus socróidh siad dátaí ionchasacha le haghaidh scaoileadh saor na bpríosúnach cáilitheach go léir. Dhéanfaidh an próiseas athbhreithnithe socrú maidir le luathú na ndátaí ar a scaoilfear saor príosúnaigh cháilitheacha ach ag an am céanna lamháil a dhéanamh i leith thromchúis na gcionta inar ciontaíodh an duine, agus an gá atá ann leis an bpobal a chosaint, a chur i gcuntas. Ina theannta sin, bheadh sé i gceist, dá bhféadfaí é sna himthosca, go ndéanfaí aon phríosúnaigh cháilitheacha a bheadh fós i gcoimeád dhá bhliain tar éis thosach feidhme na scéime a scaoileadh saor ag an bpointe sin.
4. Féachfaidh na Rialtais leis an reachtaíocht chuí a achtú chun éifeacht a thabhairt do na socrúithe seo faoi dheireadh Mheitheamh 1998.
5. Aithníonn na Rialtais i gcónaí tábhacht na mbeart chun ath-lánpháirtíú príosúnach isteach sa phobal a éascú trí thacaíocht a sholáthar sula scaoilfear saor iad agus tar éis a scaoilte saor araon, lena n-áirítear cúnamh a bheidh dírithe ar leas a bhaint as deiseanna fostaíochta, atraenáil agus/nó athoiliúint, mar aon le breisoideachas.

BAILÍOCHT A THABHAIRT, FORFHEIDHMIÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ

Bailíocht a Thabhairt agus Forfheidhmiú

1. Déanfaidh an dá Rialtas, a luaithe is féidir, Comhaontú nua na Breataine-na hÉireann, a chuirfear in ionad Chomhaontú Angla-Éireannach 1985, a shíniú. Beidh tuiscintí ar shaincheisteanna bunreachtúla sa chomhaontú sin agus deimhneofar ann tiomantas sollúnta an dá Rialtas chun tacú leis an gcomhaontú ar ar tháinig na rannpháirtithe sna comhchaibidlí agus a chuirfear mar iarscríbhinn le Comhaontú na Breataine-na hÉireann, agus a dtiomantas sollúnta chun é a fhorfheidhmiú, de réir mar is cuí.
2. Eagróidh gach Rialtas acu reifreann ar an 22 Bealtaine, 1998. Faoi réir cheadú na Parlaiminte, is é an cheist a chuirfear i reifreann comhchomhairleach i dTuaisceart Éireann, arna eagrú faoi théarmaí an *Northern Ireland (Entry to Negotiations, etc.) Act, 1996*, ná 'Do you support the agreement reached in the multi-party talks on Northern Ireland and set out in Command Paper 3883?'. Déanfaidh Rialtas na hÉireann Bille a thabhairt isteach san Oireachtas, agus tacóidh sé leis an mBille sin agus is éard a bheidh ann Bille chun an Bunreacht a leasú mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn B, mar seo a leanas: (a) Airteagail 2 agus 3 a leasú agus (b) Airteagal 29 a leasú chun a cheadú don Rialtas Comhaontú nua na Breataine-

na hÉireann a dhaingniú. Nuair a bheidh an Bille sin rite ag an Oireachtas seolfar reifreann maidir leis.

3. Má thacaíonn tromlaigh díobh siúd a vótálfaidh i ngach ceann de na reifrinn leis an gcomhaontú seo, déanfaidh na Rialtais ansin cibé reachtaíocht is gá chun éifeacht a thabhairt do gach gné den chomhaontú seo a thabhairt isteach ina bParlaimintí faoi seach agus tacóidh siad leis an reachtaíocht sin, agus déanfaidh siad cibé bearta coimhdeacha is gá lena n-áirítear toghcháin a dhéanamh ar an 25 Meitheamh, faoi réir cheadú na Parlaiminte, don Tionól, a thiofadh le chéile i dtús báire i modh 'scáil'. Tarlóidh bunú na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, na gcomhlachtaí forfheidhmithe, Chomhairle na Breataine-na hÉireann agus Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann agus glacadh ag an Tionól lena chumhachtaí reachtacha agus feidhmiúcháin ag an am céanna, ar theacht i bhfeidhm do Chomhaontú na Breataine-na hÉireann.
4. San idirlinn, déanfar athbhreithniú ar ghnéithe d'fhorfheidhmiú an chomhaontaithe ilpháirtí ag cruinnithe de na páirtithe sin lena mbaineann sa chás áirithe (agus torthaí na dtoghchán don Tionól á gcur i gcuntas, tar éis na toghcháin sin a bheith déanta), faoi chathaoirleacht Rialtas na Breataine nó an dá Rialtas, de réir mar is cuí; agus féadfaidh ionadaithe ón dá Rialtas agus ó na páirtithe go léir lena mbaineann teacht le chéile faoi chathaoirleacht neamhspleách chun forfheidhmiú an chomhaontaithe ina iomláine a athbhreithniú.

Nósanna imeachta maidir le hathbhreithniú i ndiaidh forfheidhmiú

bhfeidhm, chun athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar a oibriú.

5. Féadfaidh gach institiúid, tráth ar bith, athbhreithniú a dhéanamh ar aon fhadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil lena hoibriú agus, i gcás nach ndéantar difear d'aon institiúid eile, féadfaidh an institiúid gníomhaíocht feabhais a ghlacadh, de réir mar is gá, i gcomhairle leis an Rialtas iomchuí nó leis na Rialtais. Faoi gach institiúid a bheidh sé cinneadh a ghlacadh maidir lena nósanna imeachta féin maidir le hathbhreithniú.
6. Má bhíonn deacrachtaí ann maidir le hoibriú aon institiúide ar leith, agus go mbíonn impleachtaí i gceist d'institiúid eile, féadfaidh siad a n-oibriú a athbhreithniú ar leithligh agus i gcomhar agus comhaontú ar ghníomhaíocht feabhais a ghlacfar faoina n-údaráis faoi seach.
7. Má thagann deacrachtaí chun cinn a fhágann gur gá gníomhaíocht feabhais a ghlacadh i leith raon na n-institiúidí, nó gur gá dá mbarr ar aon slí eile leasú a dhéanamh ar Chomhaontú na Breataine-na hÉireann nó ar reachtaíocht iomchuí, titfidh próiseas an athbhreithnithe ar an dá Rialtas i gcomhairle leis na páirtithe sa Tionól. Beidh gach Rialtas freagrach as gníomhaíocht ina dhlínse féin.
8. D'ainneoin an mhéid sin thuas, foilseoidh gach institiúid tuarascáil bhliantúil ar a cuid oibríochtaí. Ina theannta sin, tionólfaidh an dá Rialtas agus na páirtithe sa Tionól comhdháil 4 bliana tar éis don chomhaontú teacht i

COMHAONTÚ IDIR RIALTAS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN AGUS RIALTAS NA hÉIREANN

Tá Rialtais na Breataine agus na hÉireann:

Ag fáiltiú dóibh roimh an tiomantas láidir don Chomhaontú ar ar tháinig siad féin agus na rannpháirtithe eile sna cainteanna ilpháirtí an 10 Aibreán, 1998 agus atá leagtha amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo ('an Comhaontú Ilpháirtí' anseo ina dhiaidh seo);

Ag meabhrú dóibh go dtugann an Comhaontú Ilpháirtí deis chun tús nua a dhéanamh maidir le caidrimh laistigh de Thuaisceart Éireann, laistigh d'oileán na hÉireann agus idir muintir na n-oileán seo:

Ós é a mian tuilleadh forbartha fós a dhéanamh ar an gcaidreamh uathúil idir a bpobail agus ar an dlúthchomhar idir a dtíortha mar chomharsana cairdiúla agus mar chomhpháirtithe san Aontas Eorpach;

Á athdheimhniú dóibh go bhfuil siad tiomanta go hiomlán do phrionsabail an daonlathais agus an neamh-fhoréigin, ar ghné bhunúsach iad de na cainteanna ilpháirtí;

Á athdheimhniú dóibh go bhfuil siad tiomanta do phrionsabail na comhpháirtíochta, an chomhionannais

agus na comhurraime agus do chosaint na gceart sibhialta, polaitiúil, sóisialta, eacnamaíochta agus cultúir ina ndlínsí faoi seach;

Tar éis comhaontú mar a leanas:

AIRTEAGAL 1

Déanann an dá Rialtas :

- (i) aitheantas a thabhairt do dhlisteanacht cibé rogha a fheidhmeoidh tromlach mhuintir Thuaisceart Éireann, dá ndeoin féin, maidir le stádas Thuaisceart Éireann, cibé acu is fearr leo leanúint orthu ag tacú leis an Aontacht leis an mBreatain Mhór nó tacú le hÉirinn aontaithe cheannasach;
- (ii) a aithint gur faoi mhuintir oileán na hÉireann agus fúthu sin amháin atá sé, trí chomhaontú idir an dá chuid faoi seach agus gan bac ón taobh amuigh, a gceart féinchinnidh a fheidhmiú ar bhonn an toilithe, arna thabhairt dá ndeoin féin agus i gcomhthráth, Thuaidh agus Theas, chun Éire aontaithe a thabhairt i gcrích, más é sin is mian leo, ag glacadh leis go gcaithfear an ceart sin a bhaint amach agus a fheidhmiú trí chomhaontú agus thoiliú, agus faoi réir chomhaontú agus thoiliú, thromlach mhuintir Thuaisceart Éireann;
- (iii) a admháil, cé gurb ionann mian dhlisteanach cuid shubstaintiúil de na daoine i dThuaisceart Éireann agus mian dhlisteanach thromlach mhuintir oileán na hÉireann go mbeidh Éire aontaithe ann, gurb é is mian le tromlach mhuintir Thuaisceart Éireann faoi láthair, ar mian dhlisteanach arna feidhmiú dá ndeoin féin í, an Aontacht

a choimeád ar bun agus, dá réir sin, go léiríonn stádas Thuaisceart Éireann mar chuid den Ríocht Aontaithe an mhian sin, agus go mbraitheann sé uirthi; agus go mbeadh sé mícheart aon athrú a dhéanamh ar stádas Thuaisceart Éireann ach amháin le toiliú thromlach a mhuintire;

- (iv) a dheimhniú, más rud é, amach anseo, go bhfeidhmeoidh muintir oileán na hÉireann a gceart féinchinnidh, ar an mbonn atá leagtha amach in ailt (i) agus (ii) thuas, Éire aontaithe a thabhairt i gcrích, go mbeidh sé ina oibleagáid cheangailteach ar an dá Rialtas reachtaíocht a thabhairt isteach ina bParlaimintí faoi seach, agus tacú léi, chun éifeacht a thabhairt don mhian sin;
- (v) a dheimhniú, is cuma cén rogha a fheidhmeoidh tromlach mhuintir Thuaisceart Éireann, dá ndeoin féin, go ndéanfar cumhacht an rialtais cheannasaigh ag a bhfuil dlínse ann a fheidhmiú ar bhealach neamhchlaon docht thar ceann na ndaoine go léir in éagsúlacht a bhféiniúlachtaí agus a dtraidisiún agus go mbeidh an chumhacht sin bunaithe ar na prionsabail seo a leanas: lánurraim agus combhionannas do chearta sibhialta, polaitiúla, sóisialta agus cultúir, saoirse ón leithcheal do gach uile shaoránach, cothroime gradaim agus déileáil go cóir combhionann le féiniúlacht, aetas agus toilmhianta an dá phobal;
- (vi) aitheantas a thabhairt do cheart oidhreachta mhuintir uile Thuaisceart Éireann iad féin a aithint mar Éireannaigh nó mar Bhriotanaigh, nó mar Éireannaigh agus Briotanaigh

araon, de réir mar a roghnaíonn siad, agus go nglacfar leo sa cháil sin, agus dá réir sin a dhaingniú go nglacann an dá Rialtas lena gceart chun saoránacht d'Éirinn agus den Bhreatain a shealbhú agus nach ndéanfaí difear don cheart sin le haon athrú amach anseo ar stádas Thuaisceart Éireann.

AIRTEAGAL 2

Deimhníonn an dá Rialtas a dtiomantas sollúnta chun tacú le forálacha an Chomhaontaithe Ilpháirtí, agus, de réir mar is cuí, iad a fhorfheidhmiú. Go háirithe, déanfar na hinstiúidí seo a leanas a bhunú de réir fhorálacha an Chomhaontaithe Ilpháirtí, láithreach ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú seo:

- (i) Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas;
- (ii) na comhlachtaí forfheidhmithe dá dtagraítear i mír 9 (ii) den alt dá ngairtear 'Sraith a Dó' den Chomhaontú Ilpháirtí;
- (iii) Comhairle na Breataine-na hÉireann;
- (iv) Comhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann.

AIRTEAGAL 3

- (1) Cuirfear an Comhaontú seo in ionad an Chomhaontaithe idir Rialtais na Breataine agus na hÉireann arna dhéanamh i gCromghlinn an 15 Samhain, 1985 agus a scoirfidh d'éifeacht a bheith leis ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú seo.

- (2) Scoirfidh an Chomhdháil Idir-Rialtasach a bunaíodh le hAirteagal 2 den Chomhaontú sin a dúradh arna dhéanamh an 15 Samhain, 1985 de bheith ar marthain ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 4

- (1) Beidh sé ina cheanglas chun go dtiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm:
- (a) go mbeifear tar éis reachtaíocht a achtú sa Bhreatain chun forálacha Iarscríbhinn A a ghabhann leis an alt dá ngairtear 'Saincheisteanna Bunreachtúla' den Chomhaontú Ilpháirtí a fhorfheidhmiú;
 - (b) go mbeifear tar éis toiliú trí Reifreann leis na leasuithe ar Bhunreacht na hÉireann atá leagtha amach in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an alt dá ngairtear 'Saincheisteanna Bunreachtúla' den Chomhaontú Ilpháirtí;
 - (c) go mbeifear tar éis cibé reachtaíocht a achtú is gá chun na hinstiúidí dá dtagraítear in Airteagal 2 den Chomhaontú seo a bhunú.
- (2) Tabharfaidh gach Rialtas fógra i scríbhinn don Rialtas eile go bhfuil, a mhéid a bhaineann leis féin, na ceanglais chun go dtiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm curtha i gcrích. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an dáta a bhfaighfear an ceann is déanaí den dá fhógra.
- (3) Láithreach ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú seo, cinnteoidh Rialtas na

hÉireann go mbeidh éifeacht leis na leasuithe ar Bhunreacht na hÉireann atá leagtha amach in Iarscríbhinn B a ghabhann leis an alt dá ngairtear 'Saincheisteanna Bunreachtúla' den Chomhaontú Ilpháirtí.

Dá fhianú sin chuir na daoine a bhfuil a síniú anseo thíos, agus údarás cuí acu chuige sin ó na Rialtais faoi seach, a lámh leis an gComhaontú seo.

Arna dhéanamh in dhá scríbhinn bhunaidh i mBéal Feirste an 10ú lá d'Aibreán, 1998.

Thar ceann Rialtas
Ríocht Aontaithe na
Breataine Móire agus
Thuaisceart Éireann

Thar ceann Rialtas
na hÉireann

IARSCRÍBHINN 1

An Comhaontú ar Thángthas
Air sna Cainteanna Ilpháirtí

IARSCRÍBHINN 2

Dearbhú maidir le Forálacha
Mhír (vi) d'Airteagal 1 i ndáil
le Saoránacht

Dearbhaíonn Rialtais na Breataine agus
na hÉireann gurb é a gcomhthuiscint
ná go gciallaíonn an téarma 'muintir
Thuaisceart Éireann' i mír (vi)
d'Airteagal 1 den Chomhaontú seo,
d'fhonn éifeacht a thabhairt don fhoráil
seo, na daoine go léir a shaolaítear i
dTuaisceart Éireann agus ag a bhfuil,
tráth a mbreithe, tuismitheoir amháin
ar a laghad ar saoránach den Bhreatain
é nó í, ar saoránach d'Éirinn é nó í, nó
atá i dteideal ar shlí eile cónaí i
dTuaisceart Éireann gan srian ar bith ar
a dtréimhse chónaithe.